Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2023

## ÁR bhFÍS

# Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inchothaithe agus dea-reáchtáilte agus a uasmhéadaíonn cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna.

# Clár Ábhar


**1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013** 2

**1.1** Ráiteas an Rialálaí 3

**1.2** Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí 6

**1.3** Struchtúr Eagraíochta 8

**1.4** Feidhmeanna an Rialálaí 9

**1.5** Formhaoirseacht ar an Oibritheoir 10

1.5.1 Feidhmíocht an Oibritheora 10

1.5.2 Díolacháin, Bealaí, agus Cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna 11

1.5.3 Cosaint Imreoirí 13

1.5.4 Fógraíocht agus Cur Chun Cinn atá Freagrach 15

1.5.5 Gearáin a Fuarthas 15

1.5.6 Athrú ar Úinéireacht an Oibritheora 16

1.5.7 Forfheidhmiú 16

**1.6** Iarrataí Rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas 17

**1.7** Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 19

**1.8** Forfheidhmiú Trádmharcanna 21

**1.9** Leasuithe ar an gCeadúnas 22

**1.10** Gnóthaí Corparáideacha 29

1.10.1 Straitéis 29

1.10.2 Rialachas Corparáideach 31

1.10.3 Acmhainní agus Soláthar Foirne 32

1.10.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 33

1.10.5 Iniúchóireacht Inmheánach 33

1.10.6 Bainistíocht Riosca 33

1.10.7 Ceanglais Reachtacha 34

**Aguisín A:** Caighdeáin Feidhmíochta PLI (Premier Lotteries Ireland) 35

**Aguisín B:** Tuarascálacha Tráthrialta a Fuarthas ó PLI 36

**Aguisín C:** Iarrataí ar Cheadú nó ar Thoiliú faoin gCeadúnas 37

**2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 39

**3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 65

# 1 Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Carol Boate**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

## De réir ailt 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a chur i láthair.

Sa bhliain 2023, aistríodh €241.0 milliún ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste chun tacú le Dea-Chúiseanna. B'ionann é sin agus laghdú 6.6% ar an bhfigiúr don bhliain 2022 (2022: €257.9 milliún).

Bliain inar leagadh bunsraith nua le haghaidh inchothaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta go ceann i bhfad ba ea an bhliain 2023. Tar éis oibríochtaí a bheith i bhfeidhm faoin gCeadúnas ar feadh deich mbliana, beagnach, rinneadh athruithe sa bhliain 2023 chun roghanna nua éilithe duaiseanna a sholáthar do bhuaiteoirí Crannchuir Náisiúnta agus chun leibhéal níos mó cosanta a thabhairt do na daoine is leochailí, agus an chéad ghlúin eile d'imreoirí á tarraingt isteach i ndóigheanna nua freagracha imeartha ag an am céanna. Cé gur tharla athrú ar úinéireacht an Oibritheora, leanann an tseiceáil agus comhardú céanna, an fhormhaoirseacht chéanna agus an córas rialála céanna den Oibritheoir agus d'oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a thabhairt chun cuntais de réir mar a théimid isteach i ndara leath an Cheadúnais 20 bliain. A bhuí lenár suíomh Gréasáin nua, a seoladh le linn na bliana, tairgtear rochtain fheabhsaithe don phobal ar fhaisnéis shoiléir faoinár ról agus faoinár bhfreagrachtaí chuige sin.

Tráth a síníodh an Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú sa bhliain 2014, foráladh leis nár mhór duaiseanna is ionann agus €100 nó níos mó a bhuaitear ar thicéid a cheannaítear ar líne a íoc le seic agus nár mhór aon mhéid a aistarraingítear ó thiachóg ar líne an imreora a íoc le seic i ngach cás. Sa bhliain 2023, chomhaontaigh an Rialálaí agus an tOibritheoir leis an gCeadúnas a leasú chun go dtosódh an bealach ar líne ar an rogha a thabhairt d'imreoirí ar líne a d'fhíoraigh a gcéannacht aon duaiseanna idir €100 agus €500 agus/nó aistarraingtí tiachóige a fháil go leictreonach. Tháinig an t-athrú sin sna sála ar phróiseas foirmiúil inar ceanglaíodh ceadú ón Rialálaí le haghaidh leasuithe ar rialacha cluichí agus tástáil shuntasach a bheith déanta ag an Oibritheoir ar na córais nua a bhí ag teastáil.

Ceanglaíodh leis an gCeadúnas freisin nár mhór do bhuaiteoirí aon duaiseanna is ionann agus €10,000 nó níos mó iad féin a chur i láthair ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta chun go bhféadfaí a n-aois agus a mionsonraí céannachta a fhíorú sula n-eiseofaí seic. Mar gheall ar ráig Covid-19 in Éirinn, dúnadh ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta don phobal ar aon dul le Rialacháin reachtúla. Sa chomhthéacs sin,

chomhaontaigh an Rialálaí agus an tOibritheoir sa bhliain 2020 leis an gCeadúnas a leasú chun foráil a dhéanamh do mhodh cianda le haghaidh duaiseanna móra a éileamh ar bhonn sealadach. Sa bhliain 2023, bunaithe ar an eispéireas rathúil sa Phróiseas Éileamh Cianda Duaiseanna agus chun freastal ar raon éagsúil saincheisteanna ina bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ag mionlach daoine aonair teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, chomhaontaigh an Rialálaí agus an tOibritheoir leis an gCeadúnas a leasú chun an próiseas sin a choinneáil ar bun ar bhonn buan.

Ar na leasuithe eile a rinneadh ar an gCeadúnas sa bhliain 2023 bhí feabhsuithe ar an tsaoráid féintoirmisc laistigh den bhealach ar líne. Féadfaidh imreoirí ar líne anois iad féin a ghlasáil amach as gach cluiche idirghníomhach Bua Mheandraigh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí (ach féadfaidh siad cluichí tarraingtbhunaithe a imirt fós) agus ní bhfaighidh siad aon teachtaireachtaí margaíochta ar feadh thréimhse a nglasála. Thug an tOibritheoir na feabhsuithe sin isteach chun roghanna nua teicneolaíochta agus an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn a úsáid i rialuithe ar líne. D'áirithigh an Rialálaí leasú ar an gCeadúnas chun an rogha nua féintoirmisc sin a thabhairt isteach go foirmiúil sa chreat rialála, agus gné bhuan den bhealach ar líne a dhéanamh di dá réir.

Maidir le ceadú rialála le haghaidh an chluiche tharraingtbhunaithe nua EuroDreams, a seoladh sa ráithe dheiridh den bhliain 2023 i roinnt tíortha, tháinig sé sna sála ar mheasúnú críochnúil ar na rioscaí agus na cosaintí atá i bhfeidhm d'imreoirí, do bhuaiteoirí agus d'airgead Chiste an Chrannchuir Náisiúnta/don airgead Dea-Chúiseanna, mar gheall ar chineál núíosach an chluiche. Thug EuroDreams duais pota óir de chineál blianachta isteach in Éirinn den chéad uair riamh. Tá duaiseanna de chineál blianachta ina ngné choiteann de chrannchuir ar fud an domhain. Meastar gur táirgí níos sábháilte iad, agus tá siad níos tarraingtí d'aosaigh óga, rud atá tábhachtach ó thaobh inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta de.

Sheol an oifig seo suíomh Gréasáin nua le linn na bliana chun faisnéis níos mine a thabhairt don phobal i bhformáid nua-aimseartha inrochtana lena ngabhann treoracha soiléire don chuairteoir chuig a réimse spéise. Leagtar amach ann i dtéarmaí grafacha, uimhriúla agus cuntasaíochta na céimeanna trína leithdháiltear na fáltais ó dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta agus trína ndéantar airgead Dea-Chúiseanna a ríomh agus a aistriú chuig an Státchiste. Tugtar breac-chuntas i rannán feiceálach ar Chosaint Imreoirí ar na hardchaighdeáin cosanta tomhaltóirí ar féidir le himreoirí a bheith ag súil leo agus iad ag déanamh teagmháil leis an gCrannchur Náisiúnta agus tugtar treoir ann maidir le cearrbhachas fadhbach agus maidir le conas is féidir taitneamh a bhaint as páirt a ghlacadh sa Chrannchur Náisiúnta ar bhealach sábháilte folláin.

An 3 Samhain 2023, cheannaigh La Française des Jeux Premier Lotteries Ireland DAC ("PLI"), Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta, ó Ontario Teachers' Pension Plan, An Post agus An Post Pension Fund. Mar a cheanglaítear leis an gCeadúnas, d'iarr PLI ceadú ón Rialálaí le haghaidh an athraithe sin ar rialú, agus tugadh an ceadú sin an 2 Deireadh Fómhair 2023. Níor bhain ról an Rialálaí ach amháin le seiceálacha a dhéanamh ar oiriúnacht agus ionracas na n-úinéirí agus na stiúrthóirí, mar aon le ceadú gaolmhar a lorgaíodh faoi Chlásal 31 den Cheadúnas le haghaidh leasuithe riachtanacha ar dhoiciméad Bunreachta PLI. Deonaíodh ceadú tar éis measúnú mionsonraithe ar an iarraidh agus tar éis don oifig seo faisnéis ghaolmhar a lorg. Rud tábhachtach, d'ainneoin an athraithe ar an rialú ar PLI, tá PLI faoi réir na rialacha céanna agus na n-oibleagáidí céanna a raibh sé faoina réir roimh an athrú ar rialú. Faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, tá PLI fós ina chuideachta arb é an t-aon chuspóir amháin atá léi ná an Crannchur Náisiúnta a oibriú faoi cheadúnas go dtí an bhliain 2034. Tá an Crannchur Náisiúnta é féin faoi úinéireacht Stáit go fóill.

Bhí an bhliain 2023 ar an dara bliain inar tháinig laghdú ar dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta agus, dá réir sin, ar an méid a gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna ó tháinig an Ceadúnas i bhfeidhm sa bhliain 2014. Dar le PLI, an tOibritheoir, tháinig laghdú 6.2% ar dhíolacháin táirgí Crannchuir Náisiúnta i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2022. Bhí sé sin níos lú ná an laghdú sa bhliain roimhe (16.1%) ó €1,053.7 milliún sa bhliain 2021, arbh é an méid ba mhó riamh é. Níorbh ábhar iontais é an laghdú níos lú sin (a) mar gheall ar an bpota óir tugtha ar aghaidh gan fasach don Chrannchur agus ar an gcéad imeacht nach mór an Crannchur a bhuachan ann i mí Eanáir 2022, rud a bhí taobh thiar de dhíolacháin le haghaidh cluichí tarraingtbhunaithe a bheith níos airde ná mar is gnách thar thréimhse fhada sa bhliain 2021 agus isteach sna míonna tosaigh den bhliain 2022, agus (b) mar gheall ar an tionchar a bhí ag an mboilsciú leanúnach níos airde ar gach buiséad teaghlaigh in Éirinn sa bhliain 2023. Rud eile a rinne difear don mhéid a gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna ba ea an céatadán níos airde san iomlán den íocaíocht amach duaiseanna le himreoirí le linn na bliana, a bhí cothrom le 57.7% (2022: 54.8%), mar gheall ar an laghdú coibhneasta i ndíolacháin le haghaidh cluichí tarraingtbhunaithe. Ar an iomlán, bhí na díolacháin iomlána don bhliain (€829.4 milliún) idir leibhéil na mblianta 2018 agus 2019 agus bhí an méid a gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna cosúil le leibhéal na bliana 2018 (2023: €227.9 milliún, 2018: €228.5 milliún). Bhí díolacháin ar líne freagrach as thart ar 16% de na díolacháin iomlána arís eile (2023:15.9%, 2022:16.0%).

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair dhícheallach agus beo-intinn mo chuid comhghleacaithe in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta sa bhliain 2023. Tá an tiomantas atá acu do na caighdeáin agus na cosaintí is airde d'imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta a chothabháil de réir mar a fhorbraíonn sé, chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú, le feiceáil ar fud na tuarascála seo.

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**
**Meitheamh 2024**

# 1.2 Fís, Misean agus Luachanna an Rialálaí

## FÍS
an Rialálaí

**Tá fís an Rialálaí ag teacht leis na cuspóirí reachtúla a leag an tOireachtas uirthi. Is é atá i gceist leis an bhfís sin:**


"Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inchothaithe agus dea-reáchtáilte agus a uasmhéadaíonn cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna"

Is é an ról atá ag an Rialálaí maidir leis an bhfís sin a bhaint amach ná na feidhmeanna atá aici a chur i gcrích ar mhodh atá comhsheasmhach leis na cuspóirí reachtúla atá léirithe san fhís. Tá sé de fhreagracht ar Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta an Crannchur Náisiúnta a oibriú de réir an Achta agus an Cheadúnais. Leis an tsamhail airgeadais sa Cheadúnas, dreasaítear an tOibritheoir cistí a uasmhéadú le haghaidh Dea-Chúiseanna.


## MISEAN
an Rialálaí

**Is é misean an Rialálaí an fhís sin a bhaint amach trí na nithe seo a dhéanamh:**

- Formhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú de réir mar is gá.
- Tograí ón Oibritheoir a bhreithniú agus iad a cheadú de réir mar is cuí.
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
- Cearta forfheidhmiúcháin thrádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú.
- A chinntiú go nglactar an dea-chleachtas rialachais i mbainistíocht agus rialachas na hOifige.


Ár Luachanna
NEAMHSPLEÁCHAS
Bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta
CAOMHNÓIREACHT
Gníomhú chun leas an phobail le hionracas
DÍRITHE AR AN TODHCHAÍ
Eolas, scileanna agus taithí atá ag teacht chun cinn a nuáil agus a chur i bhfeidhm
CUNTASACHT
Sinn féin agus daoine eile a choinneáil cuntasach
GAIRMIÚLACHT
Ardchaighdeáin chomhsheasmhacha maidir le hiompar, le hinniúlacht agus le cúirtéis
MEAS A THABHAIRT DÁR NDAOINE
Meas agus tacaíocht a thabhairt dár ndaoine
TRÉDHEARCACHT
Inár gcuid cinnteoireachta agus cumarsáide

# 1.3 Struchtúr Eagraíochta



# 1.4 Feidhmeanna an Rialálaí

## Leagtar Feidhmeanna an Rialálaí a thacaíonn leis an bhfís thuas amach san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, agus áirítear na nithe seo a leanas leo:

1. A chur faoi deara go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta.
2. Formhaoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Chrannchuir Náisiúnta agus faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais ag an Oibritheoir.
3. Ábhair áirithe a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a bhreithniú lena gceadú (lena n-áirítear scéimeanna le haghaidh cluichí Crannchuir Náisiúnta).
4. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
5. Cearta forfheidhmiúcháin aon trádmhairc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fheidhmiú.

Tá ceangal ar an Rialálaí na feidhmeanna sin a dhéanamh ar cibé slí is mó is dóigh leis nó léi a chinnteoidh –

a) go reáchtálfar an Crannchur Náisiúnta leis an gcuibheas uile is cuí,
b) go ndéanfar leasanna rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta a chosaint,
c) go ndéanfar inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta a chosaint,

agus, faoi réir na bpointí thuas a) go c), a chinntiú go mbeidh na hioncaim arna leithroinnt ar an bPríomh-Chiste lena n-íoc chun na gcríoch a cheadaítear leis an Acht ("Dea-Chúiseanna") chomh mór agus is féidir faoi réir théarmaí an Cheadúnais.

Níl aon ról ag an Rialálaí in iarratais ar chistí le haghaidh Dea-Chúiseanna ná sna cistí sin a leithroinnt. Ba cheart iarratais ar chistiú a dhéanamh chuig an Roinn Rialtais ábhartha.

# 1.5 Formhaoirseacht ar an Oibritheoir

**Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ('ORNL') faireachán ar an dóigh a gcomhlíonann Premier Lotteries Ireland DAC, an tOibritheoir, an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, agus téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais a deonaíodh dó chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú, agus forfheidhmíonn sí an comhlíonadh sin.**

**Cuireann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an fheidhm sin i gcrích trí fhormhaoirseacht thráthrialta réamhghníomhach a dhéanamh ar an Oibritheoir. Áirítear leis sin:**

- feidhmíocht an Oibritheora a athbhreithniú in aghaidh caighdeáin shainithe feidhmíochta.
- formhaoirseacht ar phróisis agus rialuithe arna gcur i bhfeidhm ag an Oibritheoir.
- faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí fógraíochta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn an Oibritheora.
- gníomhú de bhun gearáin a fhaightear ón bpobal.
- athbhreithnithe téamaithe réamhghníomhacha.
- imscrúduithe.

## 1.5.1 Feidhmíocht an Oibritheora

Déantar faireachán agus measúnú ar fheidhmíocht an Oibritheora bunaithe ar na caighdeáin réamh-mheasta atá le baint amach gach bliain. Féach Aguisín A chun teacht ar shleachta ón tuarascáil bhliantúil ón Oibritheoir ar chaighdeáin feidhmíochta don bhliain 2023.

Rinne an tOibritheoir gach caighdeán feidhmíochta réamh-mheasta a mheaitseáil, nó d'fheidhmigh sé níos fearr ná iad uile, sa bhliain 2023 seachas maidir leis na gearáin uile ó imreoirí a réiteach go tráthúil. Cé go bhfuair imreoirí freagra ar an ngearán uathu ar bhealach tráthúil, réitíodh 86% de ghearáin go hiomlán laistigh de dheich lá agus ba lú an céatadán sin ná an sprioc feidhmíochta, arbh ionann í agus 95%.

Dhiancheistigh an Rialálaí an cliseadh sin. Dheimhnigh an tOibritheoir gur tháinig an mhainneachtain an caighdeán sin a ghnóthú sa bhliain 2023 as fadhbanna gearrthéarmacha oibriúcháin a d'eascair as athruithe a rinneadh ar a phróisis chun feabhas a chur ar a sheirbhís do chustaiméirí. Dheimhnigh an tOibritheoir don Rialálaí go bhfuil na fadhbanna réitithe agus go bhfuil an caighdeán á bhaint amach gach mí anois. Coinneofar an ní sin faoi mhionscrúdú don bhliain 2024 chun a chinntiú go bhfuil an caighdeán sin á choinneáil ar bun.

### 1.5.2 Díolacháin, Bealaí, agus Cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna

Mar a thuairiscigh an tOibritheoir, b'ionann díolacháin ticéad Crannchuir Náisiúnta don bhliain 2023 agus €829.4 milliún (2022: €884.1 milliún). B'fhiú €531.5 milliún (2022: €585.4 milliún) iad na díolacháin le haghaidh cluichí tarraingtbhunaithe agus b'fhiú €297.9 milliún (2022: €298.7 milliún) iad na díolacháin le haghaidh cluichí meandracha (cluichí scríobchárta agus cluichí idirghníomhacha bua mheandraigh).

Tháinig laghdú beag ar mhéid an líonra bealaí miondíola sa bhliain 2023. Thuairiscigh an tOibritheoir go raibh 5,195 ghníomhaire ghníomhacha miondíola ann amhail an 31 Nollaig 2023, cothrom le laghdú 0.6% ar an bhfigiúr don bhliain 2022 (5,225 ghníomhaire). Thit díolacháin ar líne go €132.2 milliún (2022: €141.4 milliún), agus iad freagrach as 15.9% de na díolacháin iomlána sa bhliain 2023 (2022: 16.0%).

B'ionann an méid a gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna agus €227.9 milliún don bhliain 2023. Léirítear i gcuntais an Oibritheora gur tháinig laghdú 12.2% (2022: €259.5 milliún) ar an méid a gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna. (Athraíonn an céatadán bliantúil den íocaíocht amach duaiseanna ó bhliain go bliain, agus é faoi réir athruithe sa mheascán táirgí a dhíoltar in aon bhliain ar leith, rud a chinneann ansin na méideanna a ghintear le haghaidh Dea-Chúiseanna ó na díolacháin iomlána.)

# Príomh-Mhéadrachtaí an Oibritheora

**Thuairiscigh an tOibritheoir na torthaí seo a leanas don Rialálaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.**

**Díolacháin**
**€829.4m**

**Duaiseanna**
**€478.8m**
**57.7%** de dhíolacháin

**Dea-Chúiseanna**
**€227.9m**
**27.5%** de dhíolacháin

**Díolacháin Cluichí**
**64.1%** cluichí tarraingtbhunaithe
**35.9%** cluichí meandracha*

**An líon gníomhairí miondíola**
**5,195**
**84.1%** miondíolacháin
**15.9%** díolacháin ar líne

* Scríobchártaí agus cluichí meandracha ar líne

Is mar a leanas atá achoimre ar chuntais an Oibritheora don bhliain 2017 go dtí an bhliain 2023:

| Bliain | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | €800.2m | €805.0m | €884.5m | €918.9m | €1,053.7m | €884.1m | €829.4m |
| % den Íocaíocht Amach Duaise-anna | 56.49% | 56.35% | 56.25% | 57.56% | 55.61% | 54.84% | 57.73% |
| Méid a Gineadh le haghaidh Dea-Chúiseanna | €226.3m | €228.5m | €251.6m | €253.6m | €304.0m | €259.5m | €227.9m |
| Méid a Gineadh le haghaidh Dea-Chúisean-na mar % de Dhíolacháin | 28.28% | 28.39% | 28.45% | 27.60% | 28.85% | 29.35% | 27.48% |


Is ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí (www.rnl.ie) atá na méideanna a leithdháileadh ar dhuaiseanna agus ar Dhea-Chúiseanna i ngach bliain den Cheadúnas.

Ba é €241.0 milliún (2022: €257.9 milliún) an méid iomlán a **d'aistrigh** Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena dháileadh ar Dhea-Chúiseanna sa bhliain 2023. B'ionann é sin agus laghdú 6.6% i gcomparáid leis an mbliain 2022.

Baineann an méid a ghin an tOibritheoir le haghaidh Dea-Chúiseanna sa bhliain 2023 le díolacháin ticéad a taifeadadh sa bhliain féilire sin, i.e., ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023. Baineann na Cistí le haghaidh Dea-Chúiseanna a aistríodh chuig an Státchiste le linn na bliana 2023 (ar bhonn fáltas airgid) le hairgead a tuilleadh ó dhíolacháin ticéad sa tréimhse 52 sheachtain ón 11 Nollaig 2022 go dtí an 9 Nollaig 2023.

Is mar atá leagtha amach san fhíor thíos atá na méideanna a aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena ndáileadh ar Dhea-Chúiseanna (de bhun alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, chun na gcríoch atá leagtha amach in alt 41) ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2023.

## Méideanna a Aistríodh ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste le haghaidh Dea-Chúiseanna ina milliúin euro




† Áiríodh leis na haistrithe a rinneadh sa bhliain 2020 méid €16.1 milliún i leith duaiseanna neamhéilithe éagtha stairiúla.

Is ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí (www.rnl.ie) atá na méideanna a aistríodh chuig an Státchiste le haghaidh Dea-Chúiseanna i ngach bliain den Cheadúnas.

## 1.5.3 Cosaint Imreoirí

Ceann amháin de na cuspóirí reachtúla atá ag an Rialálaí is ea go ndéanfar leasanna na rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta a chosaint. Mar chuid den chuspóir sin, déantar faireachán ar an dóigh a gcosnaíonn an tOibritheoir na daoine seo a leanas:

- Daoine atá faoi aois (atá sainmhínithe chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta mar dhaoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois).
- Imreoirí a bhfuil soghabhálacht acu i leith imirt iomarcach nó imirt fhadhbach.

Cé go mbaineann a lán daoine taitneamh as cluichí Crannchuir Náisiúnta agus go nglacann siad páirt shábháilte inti, is féidir le grúpaí áirithe nó le daoine aonair áirithe bheith leochaileach nó soghabhálach i leith imirt fhadhbach. Aithníonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta gurb ann do ghnéithe de chluichí agus den timpeallacht chearrbhachais (cibé acu ar líne nó trí asraonta miondíola) ar féidir leo patrúin atriallacha imeartha a chothú, rud a mhéadaíonn an riosca d'imreoirí, go háirithe grúpaí áirithe imreoirí.

Ceann amháin de na príomhspriocanna atá ag an Rialálaí is ea gur cheart d'imreoirí cluichí Crannchuir Náisiúnta idirghníomhuithe eolacha tomhaltóra a bheith acu leis an gCrannchur Náisiúnta, ar idirghníomhuithe iad lena n-íoslaghdaítear an riosca do rannpháirtithe. I measc na rialuithe atá i bhfeidhm chun an sprioc sin a bhaint amach tá rialuithe ar inneachar chumarsáidí margaíochta an Chrannchuir Náisiúnta, rialuithe ar thicéid a cheannach do chluichí Crannchuir Náisiúnta, agus measúnú cuimsitheach ar an leibhéal riosca a ghabhann le gach cluiche nua a mholtar.

Cabhraíonn an Rialálaí le himirt fhadhbach agus imirt faoi aois a chosc trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus timpeallachtaí díolacháin an Oibritheora.
- Taighde agus sainaithint a dhéanamh ar phróisis agus cleachtais a chruthaigh a bheith éifeachtach maidir le riosca a chosc nó a íoslaghdú.
- Measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca a ghabhann le cluichí nua a mholann an tOibritheoir.

### Suíomh Gréasáin nua

Sa bhliain 2023, sheol an Rialálaí suíomh Gréasáin nua ar a bhfuil rannán feiceálach ina dtugtar faisnéis d'imreoirí. Tugtar breac-chuntas sa rannán sin ar na hardchaighdeáin cosanta tomhaltóirí ar féidir le himreoirí a bheith ag súil leo agus iad ag déanamh teagmháil leis an gCrannchur Náisiúnta agus tugtar treoir ann maidir le cearrbhachas fadhbach agus maidir le conas is féidir taitneamh a bhaint as páirt a ghlacadh sa Chrannchur Náisiúnta ar bhealach sábháilte folláin.

### Éifeachtacht na Rialuithe le haghaidh Imirt ar Líne

Leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas coinníollacha áirithe atá le cur i bhfeidhm le haghaidh imirt ar líne, lena n-áirítear na coinníollacha seo a leanas:

- Cuntas amháin, agus gan ach cuntas amháin, a chlárú in aghaidh an duine.
- Teorainneacha ar chaiteachas in aghaidh an lae, in aghaidh na seachtaine agus in aghaidh na míosa.
- Saoráid féintoirmisc.
- Seiceálacha randamacha aoise.

- A shocrú go mbeadh íocaíocht duaiseanna móra ag brath ar chruthúnas aoise agus céannachta.
- Duaiseanna móra a íoc le seic.
- Teorainn ar an iarmhéid cuntais ar líne.

I dteannta na mbeart coisctheach freagrach cearrbhachais a bheartaítear le Clásal 10 den Cheadúnas, agus nuair a chuirtear i bhfeidhm go cuí iad, is amhlaidh leis na rialuithe sin a thacaítear le cearrbhachas fadhbach agus cearrbhachas faoi aois a chosc.

**Ceanglaítear le Sceideal 9 go ndéanfadh an Rialálaí trácht ar éifeachtacht na rialuithe i ndáil le himirt ar líne sa tuarascáil bhliantúil uaithi.**

Sa bhliain 2023, cuireadh i gcrích cur i bhfeidhm fhíorú éigeantach céannachta gach sealbhóra cuntais ar líne de chuid an Chrannchuir Náisiúnta, áit a gceanglaítear ar shealbhóirí cuntais aitheantas fótagrafach (e.g., pas nó ceadúnas tiomána) a chur isteach tráth atá siad ag cur cárta íocaíochta leis an gcuntas. Úsáidtear bogearraí chun a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil an doiciméad aitheantais bailí agus cé acu a thagann nó nach dtagann an t-ainm agus an dáta breithe leo sin a sholáthair an t-imreoir don chuntas. Tugadh tús áite le linn chur i bhfeidhm an rialaithe nua sin d'imreoirí a d'fhéintoirmisc iad féin ón mbealach ar líne roimhe sin.

Tá an fíorú éigeantach céannachta tráth an chlárúcháin ceaptha chun cosc a chur ar mhionaoisigh clárú le haois bhréagach agus ticéid Chrannchuir Náisiúnta a cheannach ar líne. Toradh eile atá air, i dteannta fíorú éigeantach céannachta a dhéanamh ar gach cuntas a bhí ann cheana, is ea go gcabhraítear le cosc a chur ar imreoir cuntas eile a oscailt chun dul timpeall ar na teorainneacha caiteachais nó ar thréimhse féintoirmisc agus le hé nó hí a chur ó dhéanamh amhlaidh.

## Faireachán a Dhéanamh ar Imirt ar Líne

Mar aon lena chinntiú go gcuirtear na rialuithe faoi Sceideal 9 i bhfeidhm i leith imreoirí, déanann an tOibritheoir faireachán ar tháscairí riosca ar léiriú ar imirt fhadhbach iad. Idirghníomhaíonn an tOibritheoir le himreoirí a léiríonn na táscairí riosca sin chun cur leis an bhfeasacht atá acu ar na tacaí atá ar fáil, lena n-áirítear na saoráidí atá i bhfeidhm chun teorainneacha caiteachais a shocrú, féintoirmeasc, agus na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil ó thríú páirtithe. Is trí ríomhphost a dhéantar an t-idirghníomhú sin ar dtús. Is féidir gníomh níos géire a dhéanamh ina leith ansin, amhail glao teileafóin a chur ar an imreoir agus, i gcás gur gá, é nó í a thoirmeasc ón mbealach ar líne.

Faigheann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta sonraí anaithnidithe ráithiúla ar cheannacháin cluichí ar líne. Cumasaítear leis na sonraí sin d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na nithe seo a leanas a dhéanamh ar bhonn anaithnidithe:

- Faireachán a dhéanamh ar chaiteachas imreoirí agus ar mhinicíocht an chearrbhachais de réir cineál cluiche.
- Faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tsaoráid féintoirmisc.
- Faireachán a dhéanamh ar iompraíocht caiteachais imreoirí le himeacht ama.

Soláthraíonn an tOibritheoir tuarascálacha ráithiúla ar chosaint imreoirí freisin. Sna tuarascálacha sin, soláthraítear sonraí agus leagtar amach an anailís ón Oibritheoir ar chaiteachas imreoirí, lena n-áirítear cásanna inar bhain imreoirí na teorainneacha caiteachais ar líne arna bhforchur leis an gCeadúnas amach arís agus arís eile, is iad sin: €75 in aghaidh an lae; €300 in aghaidh na seachtaine; agus €900 in aghaidh na míosa.

Déanann an Rialálaí athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na rialuithe ar imirt ar líne. Déanann sí amhlaidh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta agus ar éifeachtacht. Tugann an Rialálaí aird ar na rialuithe le haghaidh imirt ar líne agus í ag breithniú iarratais ar cheadú le haghaidh scéimeanna do chluichí crannchuir a imrítear ar líne.

## 1.5.4 Fógraíocht agus Cur Chun Cinn atá Freagrach

Foráiltear le Clásal 9 den Cheadúnas do Chód Cleachtais um Fhógraíocht agus Cur Chun Cinn ("an Cód"), rud ina dtugtar treoirlínte soiléire don Oibritheoir chun cleachtais fhreagracha chumarsáide margaíochta agus fógraíochta a chinntiú atá ag teacht leis na dlíthe um fhógraíocht sa Stát. Ní mór don Oibritheoir an Cód a athbhreithniú gach bliain agus ní mór don Rialálaí aon athruithe a cheadú lena n-úsáid. Rinneadh amhlaidh sa bhliain 2023.

Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faireachán tráthrialta ar bhealaí cumarsáide margaíochta an Oibritheora chun a chinntiú go gcloíonn sé le cleachtais fhreagracha fógraíochta agus chearrbhachais de réir an Chóid agus de réir clásail eile den Cheadúnas. Ní mór an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith trédhearcach agus inrochtana agus ní ceadmhach í a bheith míthreorach. Níor cheart imreoirí a chur go hintinneach nó go neamhintinneach faoi réir cumarsáidí ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis le himirt faoi aois nó imirt neamhfhreagrach.

Níor tháinig an Rialálaí ar aon sárú ag an Oibritheoir i ndáil leis na feachtais fógraíochta agus chur chun cinn a sheol sé sa bhliain 2023.

## 1.5.5 Gearáin a Fuarthas

Féadfaidh daoine den phobal, is cuma cé acu is rannpháirtithe in aon chluiche Crannchuir Náisiúnta iad nó nach ea, gearáin i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta a chomhdú leis an Oibritheoir agus/nó leis an Rialálaí.

Nuair a fhaigheann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta gearán ó dhuine den phobal, ní mór an gearán a bhreithniú ó thaobh na rialála de chun a shuí cé acu a rinne nó nach ndearna an tOibritheoir aon sárú ar an Acht nó ar an gCeadúnas. Ní fhéadfaidh an Rialálaí tionchar a imirt ar bhreith a thagann faoi shainchúram an Oibritheora ná an bhreith sin a athrú *ach amháin chun a chinntiú go gcomhlíonann an tOibritheoir an tAcht agus an Ceadúnas.* Fuair an Rialálaí 34 ghearán sa bhliain 2023.

### Achoimre ar na gearáin a fuair an Rialálaí sa bhliain 2023 agus ar an nGníomh a Rinneadh

| Ábhar na nGearán | Líon |
|---|---|
| Eispéireas ar Líne | 13 |
| Faisnéis a Soláthraíodh | 6 |
| Dearadh/Eispéireas Cluiche | 10 |
| Scríobchártaí Éagtha | 1 |
| Cáilíocht Ábhar | 0 |
| Gearáin faoi Mhiondíoltóir | 4 |
| Trealamh Neamhfheidhmiúil i Miondíoltóir | 0 |
| Gearáin nach mbaineann leis an gCrannchur | 0 |
| Iomlán | **34** |
| **An Gníomh a Rinne an Rialálaí** | **Líon** |
| D'fhreagair Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta go díreach | 20 |
| D'fhreagair an tOibritheoir tar éis teagmháil ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 11 |
| Gearáin a bhí fós ar siúl an 31 Nollaig 2023 | 3 |

## 1.5.6 Athrú ar Úinéireacht an Oibritheora

An 3 Samhain 2023, cheannaigh La Française des Jeux (cuideachta atá liostaithe sa Fhrainc, "FDJ") Premier Lotteries Ireland DAC ("PLI"), Oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta, ó Ontario Teachers' Pension Plan ("OTPP"), An Post agus An Post Pension Fund.

Ceanglaíodh réamhcheadú ón Rialálaí le haghaidh an athraithe sin ar rialú leis an gCeadúnas, agus deonaíodh an réamhcheadú sin an 2 Deireadh Fómhair 2023.

Rud tábhachtach, d'ainneoin an athraithe ar an rialú ar PLI, tá PLI faoi réir na rialacha céanna agus na n-oibleagáidí céanna a raibh sé faoina réir roimh an athrú ar rialú. Faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, tá PLI fós ina chuideachta arb é an t-aon chuspóir amháin atá léi ná an Crannchur Náisiúnta a oibriú faoi cheadúnas go dtí an bhliain 2034.

B'ionann an t-idirbheart agus idirbheart príobháideach tráchtála idir na scairshealbhóirí a bhí ag imeacht (OTTP, An Post, agus An Post Pension Plan) agus FDJ, na scairshealbhóirí beartaithe nua. Tá an Crannchur Náisiúnta é féin faoi úinéireacht Stáit go fóill.

Cé gur ceadaíodh athrú ar rialú leis an gCeadúnas, ceanglaíodh leis ceadú ón Rialálaí faoi Chlásal 19.8, ar choinníoll gur dheimhin leis an Rialálaí gur daoine cuí oiriúnacha iad rialaitheoirí nua PLI. Chun an méid sin a shuí, ba ghá breithniú cúramach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus pleananna tráchtála FDJ, ar a theist rialála go dtí seo agus ar oiriúnacht aon stiúrthóirí nua dá gceapadh ag FDJ. Ina theannta sin, ceanglaíodh leis an athrú ar rialú an comhaontú ón Rialálaí le leasuithe teicniúla ar an sainmhíniú ar 'rialú' sa Cheadúnas (rud a bhain leis na scairshealbhóirí a bhí ag imeacht agus a raibh FDJ ag teacht ina n-áit ach nach ndearna difear ar dhóigh ar bith do na hoibleagáidí a bhí ann cheana ar PLI), rud a tháinig in éifeacht an 3 Samhain 2023. D'fhoilsigh an Rialálaí mionsonraí faoin leasú go cuí, faoi réir faisnéis a bhí íogair ó thaobh na tráchtála de a cheilt de réir Alt 28 den Acht.

Chuir PLI iarraidh ar athrú ar rialú isteach an 9 Lúnasa 2023 agus, tar éis measúnú mionsonraithe ag an Rialálaí ar an iarraidh agus ar fhaisnéis ghaolmhar maidir leis na húinéirí beartaithe nua agus leis an struchtúr úinéireachta beartaithe nua, cheadaigh an Rialálaí an t-athrú ar rialú an 2 Deireadh Fómhair 2023. Rinne PLI iarraidh choimhdeach an 15 Meán Fómhair 2023 ar cheadú faoi alt 31 den Acht ar bhunreacht nua do PLI agus cheadaigh an Rialálaí an iarraidh sin an 2 Deireadh Fómhair 2023.

## 1.5.7 Forfheidhmiú

Ní raibh aon chinntí ann sa bhliain 2023 gur neamhchomhlíonadh an tAcht nó an Ceadúnas.

# 1.6 Iarrataí Rialála faoin Acht agus faoin gCeadúnas

**I gcás gnéithe áirithe de Ghníomhaíochtaí an Oibritheora, ceanglaítear ceadú i scríbhinn a fháil roimh ré ón Rialálaí maidir lena mhéid a chomhlíonann siad an tAcht agus an Ceadúnas. Áirítear iad seo a leanas leis na gnéithe sin:**

- Scéimeanna nua nó leasaithe do chluichí Crannchuir Náisiúnta.
- Soláthraithe nua seirbhíse a cheapadh.
- Scéimeanna le haghaidh tástáil a dhéanamh ar threalamh a úsáidtear i dtarraingtí Crannchuir Náisiúnta agus daoine neamhspleácha cáilithe a cheadú chun na tástálacha a dhéanamh.
- Líne tuairiscithe iniúchóireachta inmheánaí.
- Tuairiscí incheadaithe ar phróisis agus ar chórais.
- Athruithe ar chóid chleachtais, lena n-áirítear:
  - An Cód Cleachtais do Rannpháirtithe.
  - An Cód Cleachtais Díolacháin.
  - An Cód Cleachtais um Fhógraíocht agus Cur Chun Cinn.
  - An Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin.
- Athrú ar rialú an Oibritheora

### An Próiseas Measúnaithe

Foráiltear le Clásal 23 den Cheadúnas don nós imeachta le haghaidh aon iarrataí a dhéanfaidh an tOibritheoir agus a gceanglófar athbhreithniú agus ceadú ón Rialálaí ina leith. Leagtar amach ann an nós imeachta sin freisin. Déantar grinnscrúdú ar gach iarraidh ar cheadú chun a mheasúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí raon forálacha san Acht agus sa Cheadúnas.

I gcás nach deimhin leis an Rialálaí go gcomhlíonann iarraidh na forálacha sin, is féidir go n-iarrfar ar an Oibritheoir faisnéis bhreise a sholáthar. Más rud é go gcuirfear faisnéis bhreise faoi bhráid an Rialálaí agus go dtabharfar aghaidh ar ábhair imní an Rialálaí inti, ceadófar an iarraidh ar deireadh. I gcás nach mbeidh an tOibritheoir in ann aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní laistigh den chreat ama riachtanach, diúltóidh an Rialálaí don iarraidh nó tarraingeoidh an tOibritheoir siar í.

## Iarrataí

San iomlán, fuarthas 31 iarraidh sa bhliain 2023, ar bhain 21 cheann díobh le cluichí.

| Stádas | Na hIarrataí Uile | Bainteach le Cluiche |
|---|---|---|
| **Iarrataí a fuarthas** | 31 | 21 |
| **Iarrataí a ceadaíodh** | 27 | 17 |
| **Iarrataí ar diúltaíodh dóibh** | 1 | 1 |
| **Iarrataí a tharraing an tOibritheoir siar** | 1 | 1 |
| **Iarrataí a bhí faoi bhreithniú an 31 Nollaig 2023** | 2 | 2 |

Féach Aguisín C chun mionsonraí a fháil faoi na hiarrataí uile a fuarthas sa bhliain.

Tá mionsonraí faoi na hiarrataí a fuarthas i mblianta roimhe sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí.

## EuroDreams

An 24 Feabhra 2023, cheadaigh an Rialálaí an scéim nua de chluiche tarraingtbhunaithe nua – EuroDreams.

Is é EuroDreams an chéad chluiche Crannchuir Náisiúnta de chineál blianachta riamh. Tá sé ar an gcéad chluiche tarraingtbhunaithe nua riamh a tugadh isteach faoin gCeadúnas agus tá sé ar an gcéad chluiche tarraingtbhunaithe nua ó tugadh an cluiche EuroMillions isteach go hÉirinn sa bhliain 2004.

Is é atá in EuroDreams ná comhthairiscint ó Chrannchur Náisiúnta na hÉireann agus ó sheacht ndlínse dhifriúla ar fud na hEorpa. Íoctar an dá chiseal duaiseanna is airde i dtráthchodanna tráthrialta thar thréimhse nach mó ná 30 bliain in ionad iad a íoc mar chnapshuim. Cuireadh an chéad tarraingt de chuid EuroDreams ar siúl an 6 Samhain 2023.

Tá duaiseanna de chineál blianachta ina ngné choiteann de chrannchuir ar fud an domhain. Meastar gur táirgí níos sábháilte iad, agus tá siad níos tarraingtí d'aosaigh óga, rud atá tábhachtach ó thaobh inchothaitheacht fhadtréimhseach an Chrannchuir Náisiúnta de.

Cheadaigh an Rialálaí an scéim den chluiche tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh ar na rioscaí agus na cosaintí atá i bhfeidhm d'imreoirí, do bhuaiteoirí agus d'airgead Chiste an Chrannchuir Náisiúnta/ don airgead Dea-Chúiseanna, mar gheall ar chineál núíosach an chluiche. Chinntigh an Rialálaí, tríd an bpróiseas iarrataí, go raibh coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm d'imreoirí an chluiche. Rinneadh leasú riachtanach ar chlásal 6.32 den Cheadúnas mar chuid de cheadú EuroDreams chun a dhéileáil chuntasaíochta cheart a chinntiú.

## Tionscadal Rialacha Cluichí

Sa bhliain 2021, chuir an tOibritheoir iarraidh isteach chuig an Rialálaí ar fhormáid nua nó struchtúr nua a thabhairt isteach le haghaidh rialacha gach cluiche idirghníomhaigh bua mheandraigh agus le haghaidh rialacha gach cluiche Scríobchárta. Ba é aidhm an tionscadail ná comhchuibhiú agus comhsheasmhacht na sainmhínithe agus an téacs a chinntiú ar fud rialacha gach Cluiche Scríobchárta agus rialacha gach Cluiche Bua Mheandraigh de chuid an Chrannchuir Náisiúnta, tuilleadh soiléire a thabhairt d'imreoirí, agus na Rialacha Ginearálta le haghaidh Cluichí Scríobchárta agus na Rialacha Ginearálta le haghaidh Bainistíocht Cuntas agus Cluichí Bua Mheandraigh faoi seach a chomhaontú chun go mbeadh na rialacha cluichí aonair níos sonraí don chluiche. Chuir Oifig an Rialálaí seiceálacha fairsinge rialála i gcrích ar na rialacha sonracha agus ginearálta uile chun a chinntiú go mbeadh aon athruithe ar na rialacha cluichí le leas na n-imreoirí. Thug an tOibritheoir an tionscadal Rialacha chun críche agus cheadaigh an Rialálaí na rialacha iomchuí uile an 12 Bealtaine 2023.

# 1.7 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

**Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (an "Ciste") faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, mar chuntas aonair a choimeádtar le Banc Ceannais na hÉireann. Is í an Rialálaí a dhéanann an Ciste a bhainistiú agus a rialú de réir an Achta agus an Cheadúnais.**

## Dea-Chúiseanna a Ríomh

Déantar an méid a leithroinntear ar Dhea-Chúiseanna a ríomh, de réir an Achta agus an Cheadúnais, mar 65% den difríocht idir díolacháin agus duaiseanna. Faoin Acht, ní mór duaiseanna a bheith cothrom ar an meán le 50% ar a laghad de dhíolacháin ar fud na punainne de chluichí Crannchuir Náisiúnta gach bliain.

**Dea-Chúiseanna = (Díolacháin – Duaiseanna) x 65%**

## Bainistíocht agus Rialú

Gach seachtain, athbhreithníonn an Rialálaí an "tuarascáil ar shocraíochtaí seachtainiúla" ón Oibritheoir maidir le díolacháin ticéad Crannchuir Náisiúnta, a mhéid a bhaineann le gach scríobchárta, gach cluiche tarraingtbhunaithe agus gach cluiche bua mheandraigh ar líne. Déantar seiceálacha ar na méideanna a leithroinneadh ar dhuaiseanna, ar Dhea-Chúiseanna, ar mhiondíoltóirí agus ar an Oibritheoir. Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta crostagairt idir an fhaisnéis airgeadais sin agus sonraí fíor-ama ó chóras cearrbhachais an Oibritheora freisin. Tá na seiceálacha seachtainiúla sin mar chuid de chóras rialaithe atá ceaptha chun a chinntiú go dtabharfar cuntas cuí ar na hioncaim a chruinnítear ó thicéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol, ar an méid a íoctar amach mar dhuaiseanna, ar an méid a leithroinntear ar Dhea-Chúiseanna agus ar an gcéatadán a íoctar le miondíoltóirí.


Faigheann an Rialálaí airgead ó thicéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol gach seachtain, lúide na duaiseanna a d'íoc miondíoltóirí amach sa tseachtain agus coimisiúin na miondíoltóirí, agus déanann sí an íocaíocht chuí le Cuntas Ciste Duaiseanna an Oibritheora agus le cuntas oibriúcháin an Oibritheora féin agus i leith thobhach an Rialálaí. Déanann an Rialálaí na méideanna le haghaidh Dea-Chúiseanna ó thicéid Chrannchuir Náisiúnta a dhíol a choimeád sa Chiste gach seachtain agus aistrítear chuig an Státchiste iad gach dhá mhí.

Le linn na bliana 2023, aistríodh €241.0 milliún chuig an Státchiste le haghaidh Dea-Chúiseanna - i gcomparáid le €257.9 milliún sa bhliain 2022.

Tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déantar réiteach chun cuntas a thabhairt ar na duaiseanna iarbhír a buadh, i gcomparáid leis na méideanna a leithroinneadh ar dhuaiseanna a bhaineann leis na díolacháin sa bhliain airgeadais. I mí an Mhárta/i mí Aibreáin, déantar coigeartú do sciar na nDea-Chúiseanna (65%) den mhéid atá le cur le Cuntas an Chiste Duaiseanna nó atá le haistarraingt uaidh. Léirítear an coigeartú sin sa chéad aistriú eile chuig an Státchiste. (Déantar coigeartú den chineál céanna do sciar 35% an Oibritheora den mhéid atá le cur le Cuntas an Chiste Duaiseanna nó atá le haistarraingt uaidh freisin). An 31 Nollaig 2023, bhí méid €4.4 milliún dlite de Chiste an Chrannchuir Náisiúnta do Chuntas an Chiste Duaiseanna, rud arbh ionann é agus sciar 65% na nDea-Chúiseanna den choigeartú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023. D'íoc an Ciste an méid sin an 3 Aibreán 2024.

**Le linn na bliana 2023, aistríodh**

**€241.0 million**



chuig an Státchiste le haghaidh Dea-Chúiseanna - i gcomparáid le **€257.9 million** sa bhliain 2022

### Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'ullmhaigh an Rialálaí cuntais bhliantúla an Chiste agus cuireadh iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh de réir alt 44 den Acht. Rinneadh na cuntais sin a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i Rannán 3 den doiciméad seo. Mar a luaitear i Nóta 5 de na cuntais, tugadh €150,000 do Dhea-Chúiseanna sa bhliain 2023 tar éis na chéad uaire a coinníodh airgead siar ón Oibritheoir. Is féidir mionsonraí iomlána faoin neamhchomhlíonadh sin a aimsiú i dTuarascáil Bhliantúil an Rialálaí don bhliain 2022.

# 1.8 Forfheidhmiú Trádmharcanna

**Foráiltear le halt 46 den Acht gur don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a dhílsítear an cáilmheas a ghabhann leis na hainmneacha "Crannchur Náisiúnta na hÉireann" agus "Crannchur Náisiúnta" agus a macasamhla sa Bhéarla agus le hainm aon chluiche crannchuir a dhéanfar faoin gCeadúnas.**

Leagtar amach i gClásal 7 den cheadúnas forálacha mionsonraithe a bhaineann le hoibleagáidí um chomhlíonadh trádmharcanna agus cóipcheart agus cuimsítear i Sceideal 4 den Cheadúnas cóipeanna de na comhaontuithe forghníomhaithe maoine intleachtúla, lena bhforchuirtear oibleagáidí ar an Oibritheoir. De bhun alt 9(5) den Acht, féadfaidh an Rialálaí forfheidhmiú a dhéanamh ar aon trádmharcanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta.

Ní mór don Oibritheoir fógra a thabhairt don Rialálaí i dtaobh saincheisteanna a thagann chun cinn ar aon dul lena oibleagáidí chuige sin agus sheol sé roinnt fógraí le linn na bliana 2023.

**Níor tháinig aon saincheist chun cinn sa bhliain 2023 a d'fhág gur ghá don Rialálaí cearta thrádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú.**

# 1.9 Leasuithe ar an gCeadúnas

### Réamhrá

Bhí cúig leasú leithleacha ar an gCeadúnas ann sa bhliain, rud ba neamhghnách. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh aon leasuithe ar an gCeadúnas ann sa bhliain 2022 agus ní raibh ach seacht leasú ar an gCeadúnas ann riamh ón mbliain 2014 i leith. Ba é a bhí i gceithre cinn díobh ná leasuithe sealadacha chun foráil a dhéanamh do dhóigh shábháilte ar a bhféadfadh imreoirí duaiseanna a éileamh le linn phaindéim Covid-19. D'eascair roinnt leasuithe sa bhliain reatha as nithe a raibh aghaidh le tabhairt orthu sa bhliain 2023; léirítear iontu freisin teacht chun cinn rialáil an Chrannchuir Náisiúnta agus an gá leis an méid sin a léiriú sa Cheadúnas ag amanna tábhachtacha.

Le trí cinn de na leasuithe, rinneadh foráil do bhealaí níos tairbhí ar a bhféadfadh imreoirí idirghníomhú leis an mbealach ar líne:

- an deis chun duaiseanna agus méideanna aistarraingthe a fháil go cárta íocaíochta imreora in ionad iad a fháil le seic,
- rogha nua féintoirmisc, agus
- saoráid bhuan chun duaiseanna a éileamh go cianda.

Bhí dhá cheann de na leasuithe ina nithe riaracháin a bhí riachtanach chun iad seo a leanas a léiriú:

- úinéireacht nua an Oibritheora, agus
- EuroDreams, an cluiche tarraingtbhunaithe nua.

Foilsíodh mionsonraí faoi na leasuithe uile ar an gCeadúnas ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí.

## Leasú 1 de 2023 ar an gCeadúnas

## Sceideal 9, Clásail 3 agus 4: Íocaíochtaí Leictreonacha le hImreoirí ar Líne ar fíoraíodh a gCéannacht

### Cúlra

Síníodh an Ceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú an 27 Feabhra 2014 (an "Ceadúnas") tráth a ceapadh Premier Lotteries Ireland DAC chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú ("Ceadúnaí"). Tá na rialacha a bhaineann le himirt ar líne le feiceáil i Sceideal 9 den Cheadúnas agus, sula ndearnadh an leasú thíos, foráladh leo go n-íocfaí duaiseanna idir €100 agus €500 agus aistarraingtí tiachóige le seic.

Ó dréachtaíodh an Ceadúnas i leith, tháinig laghdú suntasach ar úsáid seiceanna go ginearálta agus leanadh den fhás faoin mbaincéireacht ar líne agus faoin mbaincéireacht mhóibíleach. Ag teacht sna sála ar phróiseas foirmiúil teagmhála idir an Oifig seo agus an Ceadúnaí, leasaíodh an Ceadúnas an 28 Aibreán 2023 chun rogha bhreise a thabhairt d'imreoirí ar líne ar fíoraíodh a gcéannacht na duaiseanna sin agus/nó na haistarraingtí tiachóige sin a fháil go leictreonach. Leasaíodh rialacha cluichí freisin chun an leasú ar an gCeadúnas a léiriú.

## Leasú

Leasaíodh Sceideal 9 mar a leanas.

I mír **3. Íocaíocht Duaiseanna,** cuireadh an téacs seo a leanas isteach:

> **Buaiteoirí aon duaiseanna idir €100 agus €500, ar fhíorú cuí a gcéannachta, íocfar iad go díreach ar ais i gcárta íocaíochta cláraithe an Imreora nó le seic.**

agus cuireadh an téacs seo a leanas isteach sa tábla achoimre:

| Cisil Duaise | Méid An Duaise | Socruithe Íocaíochta |
|---|---|---|
| **Íseal** | €1 - €99 | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe<br>▸ Aistrítear duaiseanna go huathoibríoch chuig tiachóg ar líne an Imreora. |
| **Meánach** | €100 - €500 | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe<br>▸ **Seoltar íocaíocht leictreonach nó** seic go huathoibríoch trí mhionsonraí cláraithe an bhuaiteora a úsáid.<br>**(Ceanglaítear fíorú céannachta le haghaidh íocaíochtaí leictreonacha)** |
| | €501 - €9,999 | ▸ Winners are contacted by the Licensee which will verify their age and identification details and send out a claim form for completion by Winner before a cheque is issued. |
| **Ard** | €10,000+ | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe<br>▸ Ní mór do bhuaiteoirí iad féin a chur i láthair ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, áit a bhfíorófar a n-aois agus a mionsonraí céannachta sula n-eiseofar seic. |

I mír **4. Teorainneacha Iarmhéid na Tiachóige ar Líne,** rinneadh an téacs seo a leanas a chur isteach agus a bhaint:

> Más mó iarmhéid na tiachóige ar líne de chuid Imreora ná €750 tráth ar bith, cuirfear cosc air nó uirthi aon chluichí eile a imirt/a cheannach. Ní mór d'Imreoir iarmhéid a thiachóige nó a tiachóige a laghdú go méid faoi bhun €750 chun leanúint ar aghaidh ag imirt; ní eiseofar aon mhéid aistarraingthe ach amháin **ar ais chuig cárta íocaíochta cláraithe an Imreora nó** le seic. Féadfaidh Imreoir a roghnú, tráth ar bith, iarmhéid a thiachóige ar líne nó a tiachóige ar líne ar fad, nó cuid de, a aistarraingt. ~~Íocfar an méid aistarraingthe le seic i ngach cás.~~ Tá feidhm ag teorainn iarmhéid tiachóige ar líne is ionann agus €750.

Tháinig an leasú in éifeacht an 28 Aibreán 2023.

# Leasú 2 de 2023 ar an gCeadúnas

## Sceideal 9, Clásal 6(a) agus 6(c): Saoráid Féintoirmisc Leathnaithe

### Cúlra

Mar chuid den teagmháil leanúnach atá ar bun idir an Oifig seo agus an Ceadúnaí (Premier Lotteries Ireland, "PLI") maidir le rialuithe ar líne le haghaidh imirt ar líne, chuir PLI tuilleadh gnéithe leis na rialuithe ar líne, i gcomhairle leis an Rialálaí.

An 31 Eanáir 2018, d'áitigh PLI an méid seo a leanas:

*De bhreis air sin, agus de mheon na bhforálacha i Sceideal 9(6), i.e., chun staonadh beartaithe ó chearrbhachas ar líne a éascú, tabharfar iarmhéid na tiachóige ar líne de chuid imreora ar ais dó nó di le seic tráth thús na tréimhse toirmisc roghnaithe. Mar a comhaontaíodh le PLI, leathnaíodh é sin chucu sin a d'fhéintoirmisc iad féin ar feadh mí amháin agus ar feadh na tréimhse sin amháin (cé gur próiseas láimhe é sin faoi láthair i ndáil leis na himreoirí sin).*

An 31 Deireadh Fómhair 2020, d'áitigh PLI an méid seo a leanas:

*Ag féachaint dúinn go sonrach ar chluichí Bua Mheandraigh, cé go gceanglaítear le Sceideal 9 nach mór d'imreoir a bheith in ann é nó í féin a ghlasáil amach as cluiche Bua Mheandraigh ar leith ar feadh tréimhse íosta dhá lá, soláthraíonn PLI freisin gné 'Glasáil Cluichí' lena gcumasaítear d'imreoir é nó í féin a ghlasáil amach as gach cluiche Bua Mheandraigh ar feadh tréimhse ama shonraithe. Má ghlasáiltear gach cluiche Bua Mheandraigh, glasálfar freisin cluichí Bua Mheandraigh a sheoltar le linn na tréimhse toirmisc agus roghnófar go huathoibríoch nach bhfaighidh an t-imreoir aon chumarsáidí margaíochta sa todhchaí ó PLI, fiú tar éis an tréimhse féintoirmisc do dhul in éag.*

Ag teacht sna sála ar an teagmháil idir na páirtithe, chomhaontaigh an Rialálaí agus an Ceadúnaí le Sceideal 9, míreanna 6(a) agus (c), den Cheadúnas a leasú mar atá leagtha amach thíos chun na gnéithe nua rialaithe ar líne sin sa Cheadúnas a léiriú.

### Leasú

Tá Sceideal 9, arna leasú leis an gcomhaontú seo, mar a leanas:

**6. Féintoirmeasc**

a) Beidh imreoir in ann **é nó í féin** a ghlasáil amach as cluiche Idirghníomhach Bua Mheandraigh **nó as cluichí Idirghníomhacha Bua Mheandraigh** ar feadh tréimhse íosta dhá lá. **I gcás go roghnaíonn imreoir é nó í féin a ghlasáil amach as gach cluiche Idirghníomhach Bua Mheandraigh, ní bhfaighidh sé nó sí aon teachtaireachtaí margaíochta ar feadh thréimhse a ghlasála nó a glasála.**

b) Gach Cluiche – Sé Mhí ar a Laghad

Má roghnaíonn imreoir an rogha sin, beidh a chuntas nó a cuntas dúnta ar feadh sé mhí ar a laghad agus tabharfar an t-iarmhéid ina thiachóg ar líne nó ina tiachóg ar líne ar ais dó nó di. Ní bhfaighidh sé nó sí aon teachtaireachtaí margaíochta ar feadh thréimhse a thoirmisc nó a toirmisc.

c) Gach Cluiche – Mí Amháin ar a Laghad (Tóg Sos)

Má roghnaíonn imreoir an rogha sin, beidh a chuntas nó a cuntas ar fionraí ar feadh mí amháin ar a laghad. Déanfar an t-iarmhéid ina thiachóg ar líne nó ina tiachóg ar líne **a thabhairt ar ais** don imreoir agus ní bhfaighidh sé nó sí aon teachtaireachtaí margaíochta ar feadh thréimhse a thoirmisc nó a toirmisc.

Tháinig an leasú in éifeacht an 12 Bealtaine 2023.

## Leasú 3 de 2023 ar an gCeadúnas
## Sceideal 9, Clásal 3: Éilimh Chianda Duaiseanna

### Cúlra

Ba í ráig Covid-19 in Éirinn ba chúis leis an Acht Sláinte (Caomhnú agus Cosaint agus Bearta Éigeandála eile ar mhaithe le Leas an Phobail), 2020 ("Acht 2020"). An 7 Aibreán 2020, shínigh an tAire Sláinte rialacháin de bhun Acht 2020 lenar tugadh éifeacht reachtúil do na Treoirlínte a fógraíodh an 27 Márta 2020 á shonrú gur cheart do dhaoine den phobal a dtaisteal a shrianadh agus gur cheart d'oibrithe obair ón mbaile, agus roinnt eisceachtaí teoranta a bheith ann (na "Rialacháin").

Dúnadh ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta don phobal ar aon dul leis na Rialacháin. I ndáil leis an bpobal i gcoitinne, tugadh ordú leis na Rialacháin do gach duine "fanacht sa bhaile" agus gan é a fhágáil ach amháin chun críocha sonracha (nach raibh teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta ar áireamh leo) agus a dtaisteal a theorannú laistigh d'fhaid fhorordaithe. Dá bharr sin, ní bheadh aon bhuaiteoirí duaise in ann teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta chun duais a éileamh fiú dá mbeadh an cheanncheathrú ar oscailt.

Sa chomhthéacs sin, chomhaontaigh an Rialálaí agus an Ceadúnaí (Premier Lotteries Ireland) leis an gCeadúnas a leasú chun soláthar a dhéanamh do mhodh cianda le haghaidh duaiseanna móra a éileamh ar bhonn sealadach. Ceanglaíodh leis an gCeadúnas nár mhór do bhuaiteoirí aon duaiseanna is ionann agus €10,000 nó níos mó iad féin a chur i láthair ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, áit a bhfíorófaí a n-aois agus a mionsonraí céannachta sula n-eiseofaí seic. Tháinig an leasú chun feidhme ar an 2 Meitheamh 2020 — 

Thug an Rialálaí ceadú fadaithe le haghaidh an leasaithe an 02 Meitheamh 2020, an 31 Iúil 2020, an 02 Feabhra 2021, an 07 Aibreán 2021 agus an 04 Bealtaine 2021, de réir mar a lean staid Covid-19 de dhifear a dhéanamh do shaol agus gluaiseachtaí imreoirí.

Bunaithe ar a eispéireas sa Phróiseas Éileamh Cianda Duaiseanna, chuir an Ceadúnaí togra chun cinn go gcoinneofaí an próiseas ar bun ar bhonn buan chun freastal ar raon éagsúil saincheisteanna ina bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ag duine aonair teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta. Chomhaontaigh an Rialálaí agus an Ceadúnaí an 18 Meán Fómhair 2023 leis an gCeadúnas a leasú mar atá leagtha amach thíos chun éifeacht leantach a thabhairt don phróiseas éileamh duaiseanna. Leasaíodh rialacha cluichí freisin chun an leasú ar an gCeadúnas a léiriú.

### Leasú

Leasaítear Sceideal 9, Clásal 3, den Cheadúnas seo mar a leanas:

> "Ní mór do bhuaiteoirí aon duaiseanna is ionann agus €10,000 nó níos mó iad féin a chur i láthair ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, áit a bhfíorófar a n-aois agus a mionsonraí céannachta sula n-eiseofar seic. **I gcás go mbeidh deacracht ag buaiteoir teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, féadfar deis a thabhairt dó nó di próiseas éileamh cianda duaiseanna a iarraidh, agus tar éis deimhniú a fháil ó fhoireann Éileamh an Chrannchuir Náisiúnta: a shocrú go dtabharfaidh ball d'fhoireann Éileamh PLI cuairt ar an mbuaiteoir agus go nglacfaidh sé nó sí an doiciméadacht iomchuí ar fad le haghaidh tuilleadh próiseála ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta; nó foirm éilimh agus an doiciméadacht ar fad is gá a sheoladh sa phost chuig ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta ar riosca an bhuaiteora agus ar riosca an duine sin amháin."**

Achoimrítear na socruithe íocaíochta duaise/na socruithe cisil duaise sa tábla seo a leanas:

| Cisil Duaise | Méid An Duaise | Socruithe Íocaíochta |
|---|---|---|
| Íseal | €1 - €99 | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe.<br>▸ Aistrítear duaiseanna go huathoibríoch chuig tiachóg ar líne an Imreora. |
| Meánach | €100 - €500 | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe<br>▸ Seoltar íocaíocht leictreonach nó seic go huathoibríoch trí mhionsonraí cláraithe an bhuaiteora a úsáid.<br>(Ceanglaítear fíorú céannachta le haghaidh íocaíochtaí leictreonacha) |
| | €501 - €9,999 | ▸ Déanann an Ceadúnaí teagmháil le buaiteoirí. Fíoróidh an Ceadúnaí a n-aois agus a mionsonraí céannachta agus seolfaidh sé foirm éilimh amach lena comhlánú ag an mbuaiteoir sula n-eiseofaí seic. |
| Ard | €10,000+ | ▸ Seoltar fógra ríomhphoist le haghaidh buachaintí i gCluichí Tarraingtbhunaithe.<br>▸ Ní mór do bhuaiteoirí iad féin a chur i láthair ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, áit a bhfíorófar a n-aois agus a mionsonraí céannachta sula n-eiseofar seic. **I gcásanna áirithe inar féidir nach mbeidh buaiteoir in ann teacht go ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta, agus tar éis deimhniú a fháil ó fhoireann Éileamh an Chrannchuir Náisiúnta, féadfaidh buaiteoirí: a shocrú go dtabharfaidh ball d'fhoireann Éileamh PLI cuairt ar an mbuaiteoir agus go nglacfaidh sé nó sí an doiciméadacht iomchuí ar fad le haghaidh tuilleadh próiseála ag ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta; nó foirm éilimh agus an doiciméadacht ar fad is gá a sheoladh sa phost chuig ceanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta ar riosca an bhuaiteora agus ar riosca an duine sin amháin.** |

Tháinig an leasú in éifeacht an 18 Meán Fómhair 2023.

## Leasú 4 de 2023 ar an gCeadúnas
## Clásail 19.2, 19.8, 19.9: Athrú ar Rialú

### Cúlra

Cheannaigh La Française des Jeux ("FDJ") Premier Lotteries Ireland DAC ("PLI"), oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta, ó Ontario Teachers' Pension Plan ("OTPP"), An Post agus An Post Pension Fund.

Mar a cheanglaítear leis an gCeadúnas, d'iarr PLI ceadú ón Rialálaí le haghaidh an athraithe sin ar rialú, agus tugadh an ceadú sin an 2 Deireadh Fómhair 2023.

Leanann PLI den cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú a shealbhú go dtí an bhliain 2034.

Chun éifeacht a thabhairt don cheadú agus chun foráil a dhéanamh d'aon athrú den chineál céanna amach anseo ar rialú nó díol scaireanna PLI, is gá tagairtí áirithe do OTPP sa Cheadúnas a leasú chun tagairt go cuí do FDJ.

### Leasú

Chomhaontaigh an Rialálaí agus an Ceadúnaí an leasú seo a leanas ar an gCeadúnas agus tháinig sé in éifeacht an 3 Samhain 2023. Rinneadh mionsonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de a cheilt de réir alt 28(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013.

Leasaítear Clásal 19.2 mar a leanas:

[redacted]

Leasaítear Clásal 19.8 mar a leanas:

> "Ní athróidh an Ceadúnaí Rialú ar an gCeadúnaí gan toiliú i scríbhinn a fháil ón Rialálaí. Beidh aon athrú ar Rialú ar an gCeadúnaí a dhéantar gan toiliú a fháil ón Rialálaí ina shárú ábhartha ar an gCeadúnas seo agus/nó ar an Acht.
>
> "Chun críocha Chlásal 19.8 seo, ciallaíonn athrú ar Rialú athrú ar úinéireacht a fhágann **go mainneoidh FDJ agus/nó aon chuideachta eile, a bhfuil a leasanna uile cothromais eacnamaíoch, nó nach mór iad uile, faoi úinéireacht FDJ (bíodh sé go díreach nó go hindíreach), le chéile nó ina n-aonar, úinéireacht a bheith acu ar 50% ar a laghad de na leasanna díreacha nó indíreacha cothromais eacnamaíoch sa Cheadúnaí**."

Leasaítear Clásal 19.9 mar a leanas:

> "A luaithe is indéanta ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Ceadúnaí fógra i scríbhinn agus mionsonraí ina leith don Rialálaí i gcás aon athraithe ar úinéireacht a bheith déanta mar a bheartaítear le Clásal 19.8 ~~(i) nó (ii)~~."

Tháinig an leasú in éifeacht an 3 Samhain 2023.

## Leasú 5 de 2023 ar an gCeadúnas

## Clásal 6.32: Déileáil Cuntasaíochta le EuroDreams

### Cúlra

Fuarthas ceadú rialála le haghaidh an chluiche EuroDreams an 24 Feabhra 2023. Is cuí go mbeadh EuroDreams faoi réir déileáil cuntasaíochta atá cosúil leis an déileáil cuntasaíochta sin a úsáideadh maidir leis an gcluiche EuroMillions sa réiteach bliantúil duaiseanna a buadh iarbhír i mbliain in aghaidh na méideanna measta duaise a íocadh le Cuntas Ciste Duaiseanna an Cheadúnaí ar bhonn seachtainiúil, ós rud é nach dteastaíonn aon réiteach i gceachtar cás.

Dá bharr sin, chomhaontaigh an Rialálaí agus an Ceadúnaí le Clásal 6.32 den Cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú a leasú chun an déileáil cuntasaíochta chéanna a bhí i bhfeidhm le haghaidh EuroMillions a úsáid maidir le EuroDreams.

### Leasú

Leasaítear an sliocht seo a leanas ó Chlásal 6.32 den Cheadúnas seo mar a leanas:

> **Ciallaíonn "EuroDreams" gach Cluiche Crannchuir a oibrítear agus a chuirtear chun cinn faoi ainm nó stíl "EuroDreams" ó am go chéile.**
>
> Ciallaíonn "EuroMillions" gach Cluiche Crannchuir a oibrítear agus a chuirtear chun cinn faoi ainm nó stíl "EuroMillions" ó am go chéile, gan EuroMillions Plus a áireamh.
>
> Ciallaíonn "EuroMillions Plus" an Cluiche Crannchuir a oibrítear agus a chuirtear chun cinn faoi ainm nó stíl "EuroMillions Plus" ó am go chéile.

Ciallaíonn "Cluichí Eisiata Crannchuir":

> a) Raffle Reserves, **EuroDreams** agus EuroMillions, atá eisiata ón Réiteach Bliantúil; agus
>
> b) Millionaire Raffle Eisiata, nach bhfuil eisiata ón Réiteach Bliantúil ach amháin i ndáil le tréimhsí áirithe.

Tháinig an leasú in éifeacht an 3 Samhain 2023.

# 1.10 Gnóthaí Corparáideacha

## 1.10.1 Straitéis

Ceapadh an straitéis ón Rialálaí don tréimhse 2022 go 2024 chun cur ar chumas an Rialálaí a ceanglais reachtúla a chomhlíonadh ar mhodh atá freagrúil don tírdhreach mearathraitheach ina n-oibríonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

**Is iad seo na cúig straitéis a spriocdhírítear go sonrach ar an timpeallacht réamh-mheasta tráchtála, shóisialta agus rialála sa tréimhse trí bliana:**

**A.** Dearbhú saineolach neamhspleách a fháil maidir le gnéithe de chórais agus rialuithe an Oibritheora a bhaineann le slándáil sonraí céannachta imreoirí agus buaiteoirí.

**B.** Códú a dhéanamh ar na cleachtais fhreagracha chearrbhachais atá i bhfeidhm chun imirt fhadhbach a chosc agus chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí lena bhfeabhsú.

**C.** Tabhairt faoi chleachtadh rúnsiopadóra faoi aois chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar chosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh, i gcomparáid leis an mbonnlíne a bunaíodh sa bhliain 2018, agus aon ghníomh riachtanach a dhéanamh.

**D.** Faisnéis níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a rialáiltear an Crannchur Náisiúnta agus faoin dóigh a ríomhtar an méid a íoctar le Dea-Chúiseanna agus faoin dóigh a n-aistrítear chuig an Státchiste é.

**E.** Obair hibrideach nua a thabhairt isteach ar mhodh a thacaíonn le feidhmíocht éifeachtach agus a chomhlíonann spriocanna nua don chianobair agus don athrú aeráide.

Ba iad seo dul chun cinn, aschuir agus torthaí na straitéisí sin sa bhliain 2023:

**A. Dearbhú saineolach neamhspleách a fháil maidir le gnéithe de chórais agus rialuithe an Oibritheora a bhaineann le slándáil sonraí céannachta imreoirí agus buaiteoirí.**

Tá sé á choimisiúnú sa bhliain 2024.

### B. Códú a dhéanamh ar na cleachtais fhreagracha chearrbhachais atá i bhfeidhm chun imirt fhadhbach a chosc agus chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí lena bhfeabhsú.

Mionsonraí faoi na bearta atá i bhfeidhm chun cearrbhachas fadhbach a chosc agus chun tacú le taitneamh folláin a bhaint as cluichí Crannchuir Náisiúnta, tá siad ar fáil sa rannán ar Chosaint Imreoirí ar shuíomh Gréasáin nua Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoi "*Cearrbhachas Fadhbach a Chosc*", a seoladh sa bhliain 2023. Is de thionscnamh na reachtaíochta, an Cheadúnais (lena n-áirítear Cóid arna ndéanamh faoi) agus na scéimeanna de chluichí arna gceadú faoin gCeadúnas atá formhór na mbeart sin agus féadfaidh an tOibritheoir iad a thabhairt isteach freisin – bíodh sé go haontaobhach nó tar éis teagmháil leis an Rialálaí.

Cuireadh na feabhsuithe seo a leanas chun feidhme sa bhliain 2023:

i. Cuireadh i gcrích cur i bhfeidhm an fhíoraithe éigeantaigh céannachta ar fud an bhunachair sonraí imreoirí ar líne ina iomláine. An beart a tugadh isteach i mí na Nollag 2021 lena gceanglaítear ar aon duine atá ag iarraidh cuntas ar líne a chlárú agus ticéad a cheannach grianghraf a sholáthar de dhoiciméad aitheantais bailí chun a chéannacht nó a céannacht a fhíorú, cuireadh feabhas air sin chun teacht chun bheith ina bheart lena gceanglaítear ar gach sealbhóir cuntais ar líne de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a gcéannacht a fhíorú. Toradh atá ar leathnú an bhirt sin, tríd is tríd, is ea go gcabhraítear le cosc a chur ar imreoir cuntas eile a oscailt chun dul timpeall ar na teorainneacha caiteachais nó ar thréimhse féintoirmisc agus le hé nó hí a chur ó dhéanamh amhlaidh.

ii. Gnéithe nua féintoirmisc a cuireadh leis na rialuithe ar líne sna blianta 2018 agus 2020, cuireadh ar bhonn foirmiúil iad le leasú ar an gCeadúnas: chun rogha a thabhairt d'imreoirí iad féin a fhéintoirmeasc ó gach Cluiche Idirghníomhach Bua Mheandraigh (seachas cluichí reatha aonair ina n-aonar) agus gan teachtaireachtaí margaíochta a sheoladh chuig imreoirí den sórt sin ar feadh fhad a dtréimhse féintoirmisc roghnaithe, agus an t-iarmhéid ina thiachóg ar líne nó ina tiachóg ar líne a thabhairt ar ais d'aon imreoir féintoirmiscthe ar a thoirmeasc nó a toirmeasc. Leis na bearta sin, tugtar sásraí tacaíochta méadaithe chun cabhrú leo sin a bhfuil deacrachtaí acu a gcearrbhachas a rialú.

### C. Tabhairt faoi chleachtadh rúnsiopadóra faoi aois chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar chosc a chur ar dhíolacháin le mionaoisigh, i gcomparáid leis an mbonnlíne a bunaíodh sa bhliain 2018, agus aon ghníomh riachtanach a dhéanamh.

Dámhadh tairiscint iomaíoch agus déanfar an taighde sin sa bhliain 2024.

### D. Faisnéis níos inrochtana a sholáthar don phobal faoin dóigh a rialáiltear an Crannchur Náisiúnta agus faoin dóigh a ríomhtar an méid a íoctar le Dea-Chúiseanna agus faoin dóigh a n-aistrítear chuig an Státchiste é.

Sheol an Rialálaí suíomh Gréasáin nua sa bhliain 2023 lena dtugtar faisnéis níos mine don phobal i bhformáid nua-aimseartha inrochtana lena ngabhann treoracha soiléire. Dearadh an suíomh Gréasáin chun trédhearcacht a mhéadú agus chun an t-aiseolas a bailíodh ó gheallsealbhóirí Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a léiriú chun go mbeadh sé níos fusa do spriocphobail dhifriúla nascleanúint chuig a réimsí spéise agus teacht ar an bhfaisnéis i riocht atá úsáideach dóibh. Mar shampla, leagtar béim ar réimse na gCistí le haghaidh Dea-Chúiseanna go sonrach anois ar an leathanach baile agus leagtar amach ann i dtéarmaí grafacha, uimhriúla agus cuntasaíochta na céimeanna trína ndéantar an t-airgead sin a ríomh agus a aistriú chuig an Státchiste.

**E. Obair hibrideach nua a thabhairt isteach ar mhodh a thacaíonn le feidhmíocht éifeachtach agus a chomhlíonann spriocanna nua don chianobair agus don athrú aeráide.**

Sa bhliain 2023, chuaigh an léas ar chóiríocht oifige Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta in éag. Thapaigh an Oifig an deis sin áitreabh oifige nua a shainaithint ag a mbeadh lorg carbóin níos ísle agus an spás cuí a theastaíonn le haghaidh obair hibrideach. Tá an t-áitreabh nua gar do raon leathan seirbhísí iompair phoiblí. Uasghrádaíodh an t-áitreabh le déanaí chuig rátáil RFF níos airde agus cumasaítear don Oifig leis an gcóras téimh/fuaraithe nua a húsáid a rialú go beacht. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar úsáid fuinnimh na hOifige sa bhliain 2024. Déantar beartas cianoibre na hOifige a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus cloíonn sé leis an treoir Rialtais a eisíodh sa bhliain 2023 agus leis an dlí nua maidir le cianobair.

Tá an raon iomlán straitéisí atá le húsáid ag an Rialálaí chun tacú le gach ceann de na cúig sprioc straitéiseacha atá aici ó 2022 go 2024 ar fáil sa *Ráiteas Straitéise 2022 - 2024*, atá foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí. Rinneadh na straitéisí sin a thriail agus a thástáil agus chruthaigh siad a bheith éifeachtach, fiú amháin le linn an tsuaite gan fasach a tháinig as paindéim Covid-19. Agus gach straitéis á gcur chun feidhme, tugtar aird ar an timpeallacht atá i réim.

## 1.10.2 | Rialachas Corparáideach

### An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Corparáideach

Tá cleachtas rialachais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a tháinig in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2016. Ghlac Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta forálacha an Chóid de réir mar ba chuí i gcomhthéacs cheanglais an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013, rud lena bhforáiltear do shealbhóir oifige aonair gan aon bhord.

Tá Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i bhfeidhm don tréimhse ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2024 agus taifeadtar go foirmiúil ann conas atá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag comhlíonadh an Chóid, lena n-áirítear maoluithe agus oiriúnuithe atá cuí do struchtúr Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Tá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimh. 36 de 2015 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon an Rialálaí agus na baill foirne ábhartha a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.



### Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannais

Faoin Ráiteas Straitéise uaithi don tréimhse 2022-2024, ghabh an Rialálaí uirthi féin na hoibleagáidí atá uirthi i ndáil le cearta an duine agus comhionannas – "Dualgas na hEarnála Poiblí" – a chomhlíonadh. Leagadh amach sa Ráiteas Straitéise roinnt gníomhartha a bhí le déanamh thar thréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise, agus cuireadh gach ceann de na gníomhartha sin i gcrích sa bhliain 2023.

Is féidir an Ráiteas Straitéise agus an Chairt Custaiméirí agus Plean Gníomhaíochta ón Rialálaí a aimsiú ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí.

### Nochtadh Cosanta

De réir alt 214 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta nósanna imeachta chun nochtaí cosanta a dhéanamh i ndáil le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus lena cuid oibre agus chun déileáil le nochtaí den sórt sin, agus coimeádann sí na nósanna imeachta sin ar bun. Tá Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ina Duine Forordaithe faoin Acht ón 24 Meán Fómhair 2020 i leith.

Ní bhfuair Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

## 1.10.3 | Acmhainní agus Soláthar Foirne

### Cistiú

Cistítear oibríochtaí an Rialálaí trí thobhach a ghearrtar ar an Oibritheoir de réir alt 24 den Acht. Ba ag €1,500,000 a socraíodh sa Cheadúnas an tobhach don bhliain 2015, an chéad bhliain ina rabhthas i mbun oibre. Ina dhiaidh sin, innéacsaítear é gach bliain ar aon dul leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

Ba é €1,673,700 méid comhaontaithe Thobhach an Rialálaí sa bhliain 2023 tar éis innéacsaithe.

### Foireann

Tá ceadú ón Aire le haghaidh 11 fhostaí, an Rialálaí san áireamh, ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Bhí deichniúr fostaithe buana ann ag deireadh na bliana 2023. Tosaíodh feachtas earcaíochta sna míonna tosaigh den bhliain 2024 chun an folúntas gaolmhar a líonadh.

## 1.10.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh cuntais bhliantúla an Rialálaí don bhliain 2023 agus cuireadh iad faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Rinneadh na cuntais sin a iniúchadh agus tá siad leagtha amach i Rannán 2 den doiciméad seo. Rinne an Rialálaí formhaoirseacht ar phróiseas na ráiteas bliantúil airgeadais agus ar bheartais chuntasaíochta, ar bhainistíocht riosca, ar rialú inmheánach, agus ar shaincheisteanna a bhain le luach ar airgead.

## 1.10.5 Iniúchóireacht Inmheánach

Chomhaontaigh an Rialálaí clár iniúchtaí inmheánacha. Ba iad iniúchóirí inmheánacha ar cheap Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta iad a sheol an clár sin sa bhliain 2023, agus tuarascálacha á gcur faoi bhráid an Rialálaí go luath sa bhliain 2024. Pléadh le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta agus le hOifig an Rialálaí araon sna hiniúchtaí inmheánacha agus áiríodh leo measúnú ar rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais agus ar rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha eile, go háirithe na príomhrialuithe le haghaidh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus le haghaidh Oifig an Rialálaí i ndáil le rialuithe airgeadais (agus béim ar leith á leagan ar bhuiséadú agus faireachán, ar shócmhainní seasta, agus ar chreidiúnaithe), le rialuithe teicneolaíochta faisnéise (agus béim ar leith á leagan ar chibearshlándáil, ar bheartas agus nós imeachta teicniúil TF, agus ar athbhreithnithe slándála faisnéise), agus rialuithe ar an measúnú ar thograí ón Oibritheoir le haghaidh táirgí nua a cheadú.

Ní raibh aon fhionnachtana suntasacha ann i ndáil leis na hiniúchtaí sin.

## 1.10.6 Bainistíocht Riosca

Bíonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta neamhchosanta ar rioscaí éagsúla straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais le linn di a ról agus a feidhmeanna a ghabháil de láimh. Is féidir leis na rioscaí sin teacht as foinsí inmheánacha nó seachtracha agus is féidir leo cosc a chur ar Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a cuspóirí a bhaint amach nó is féidir leo difear a dhéanamh dá cumas chun déanamh amhlaidh. Ar aon dul leis an dea-chleachtas, tá ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta beartas bainistíochta riosca agus ráiteas inghlacthachta riosca le haghaidh na rioscaí atá os a comhair a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú.

Tá Coiste Riosca feidhmiúcháin i bhfeidhm. Tá sé mar ról aige comhairle a chur ar an Rialálaí maidir le nithe riosca agus a chinntiú go bhfuil córais leordhóthanacha i bhfeidhm. Déanann an Coiste Riosca faireachán agus nuashonrú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha ar bhonn leanúnach. Athbhreithníonn an Coiste an Clár Rioscaí ar fad ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, déantar dhá athbhreithniú bhreise gach bliain ar na rioscaí is mó, ar rioscaí nua agus ar rioscaí athraitheacha ar an gClár Rioscaí. Leanadh den phróiseas athbhreithniúcháin sin sa bhliain 2023.

## 1.10.7 Ceanglais Reachtacha

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an Rialálaí an reachtaíocht um Theangacha Oifigiúla.

### Saoráil Faisnéise

Tá i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta beartais agus nósanna imeachta atá cothrom le dáta leis an reachtaíocht reatha lena rialaítear iarrataí saorála faisnéise. I gcomhréir le halt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, rinne Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta scéim foilsitheoireachta a ullmhú agus a fhoilsiú agus aird á tabhairt ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Fuair Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta naoi gcinn d'iarrataí saorála faisnéise sa bhliain 2023. Ní dhearnadh achomharc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise i gcoinne aon bhreitheanna. Foilsítear mionsonraí faoi iarrataí neamhphearsanta sa Loga Nochta Saorála Faisnéise, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí.

### Úsáid Fuinnimh

Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, a d'oibrigh roimhe sin ó Ionad Irish Life go dtí deireadh mhí na Samhna 2023, tráth a tháinig an léas chun deiridh, bhog sí chuig 5 Duga Sheoirse sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta sna míonna tosaigh den bhliain 2024. Níor mhó ná 1,000 méadar cearnach an t-achar urláir a léasaíodh sa bhliain 2023 i gcás ina bhfuil Teastas Fuinnimh Taispeána ag teastáil.

Tugann an Rialálaí tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar fheidhmíocht fuinnimh faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009.

Sa bhliain 2023, d'úsáid Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta 35.3 MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo:

- 8.0 MWh de leictreachas.
- 27.3 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh).

# Aguisín A:
# Caighdeáin Feidhmíochta PLI

| An Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caighdeán | Feidhmíocht a Baineadh Amach |
|---|---|---|
| **Córais Ríomhaireachta** | | |
| Infhaighteacht na dteirminéal chun ticéid a dhíol* | 99.00% | 99.99% |
| Infhaighteacht an chórais cearrbhachais | 99.00% | 99.98% |
| Infhaighteacht an tSuímh Gréasáin | 99.00% | 99.97% |
| * 7am go 10pm, seachas le linn shos na tarraingthe, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus bristeacha réamhshocraithe a áireamh | | |
| **Íocaíocht Duaiseanna** | | |
| Éilimh ba mhó ná €1000 íoctha le seic tar éis cuairt ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta | 95.00% laistigh de 3 hUaire an Chloig | 100.00% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 0.00% |
| Éilimh ba mhó ná €1000 íoctha le seic tar éis éileamh sa phost | 95.00% laistigh de 5 Lá | 99.94% |
| | 5.00% laistigh de 20 lá oibre | 0.06% |
| **Seirbhísí d'Imreoirí – Teagmháil Ghutha** | | |
| Infhaighteacht Seirbhíse* | 99.00% | 99.00% |
| Freagra tugtha ar ghlaonna laistigh de 30 soicind | 70.00% | 88.00% |
| * 8am go 8pm, 7 lá sa tseachtain, gan Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá na Bliana Nua a áireamh | | |
| **Seirbhísí d'Imreoirí – Teagmháil Scríofa** | | |
| Infhaighteacht Seirbhíse* | 99.00% | 100.00% |
| Freagra tugtha ar litreacha laistigh de 5 lá oibre | 80.00% | 87.00% |
| Freagra tugtha ar ríomhphoist laistigh de 2 lá oibre | 80.00% | 97.00% |
| Fiosruithe tugtha chun réitigh ar an gcéad iarracht | 80.00% | 95.00% |
| Freagra tugtha ar ghearáin laistigh de 2 lá oibre | 85.00% | 86.00% |
| Freagra tugtha ar ghearáin laistigh de 5 lá oibre | 100.00% | 100.00% |
| Gearáin dúnta laistigh de 10 lá oibre | 95.00% | 86.00% |
| * 9:15am go 5:30pm ó Luan go hAoine, gan Oíche Nollag agus laethanta saoire poiblí a áireamh | | |

# Aguisín B:
# Tuarascálacha Tráthrialta a Fuarthas ó PLI

| Uimhir na Tuarascála | Tuarascáil | Minicíocht |
|---|---|---|
| 1 | Tuarascáil Bhliantúil ar Dhea-Chúiseanna, agus Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ina taobh | Gach bliain |
| 2 | Cuntais Iniúchta PLI | Gach bliain |
| 3 | Ráiteas Bliantúil faoi Réiteach an Chuntais Duaiseanna | Gach bliain |
| 4 | Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Rialuithe Inmheánacha PLI | Gach bliain |
| 5 | Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Pháirtithe Nasctha PLI | Gach bliain |
| 6 | Tuarascáil Bhliantúil ar Chaighdeáin Feidhmíochta | Gach bliain |
| 7 | Plean Bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí | Gach bliain |
| 8 | Buiséad Bliantúil Bonnmhargaíochta | Gach bliain |
| 9 | Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíocht | Gach bliain |
| 10 | Tuarascáil ar Mhargaíocht Incriminteach | Gach bliain |
| 11 | Tuarascáil an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála ar Éifeachtacht Chóras Rialaithe Inmheánaigh PLI | Gach bliain |
| 12 | Litir Chaidrimh PLI leis an Iniúchóir Seachtrach | Gach bliain |
| 13 | Achoimre ar Rioscaí Suntasacha | Gach ráithe |
| 14 | Deimhniú Bliantúil Cuntas Bainc | Gach bliain |
| 15 | Tuarascálacha ar Dheireadh Cluichí Scríobchárta | Ag Deireadh na gCluichí |
| 16 | Cuntais Mhíosúla Bhainistíochta | Gach mí |
| 17 | Tuarascáil ar Limistéir Shlána | Gach mí |
| 18 | Tuarascáil Loga Mhíosúil ar Theagmhais TF | Gach mí |
| 19 | Luas na nÍocaíochtaí Duaise | Gach mí |
| 20 | Nuashonruithe Tuairiscí | Gach mí |
| 21 | Athruithe ar Stiúrthóirí agus ar Bhainisteoirí Sinsearacha | Gach mí |
| 22 | Tuarascáil ar Ghearáin | Gach ráithe |
| 23 | Tuarascáil ar Dhuaiseanna Neamhéilithe | Ar bhonn tréimhsiúil |
| 24 | Tuarascáil ar Dhea-Chúiseanna | Gach ráithe |
| 25 | Tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh | Gach ráithe |
| 26 | Miontuairiscí ar Chruinnithe an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála | Gach ráithe |
| 27 | Tuarascálacha ar Chosaint Imreoirí | Gach ráithe |
| 28 | An tEolas is Déanaí ar Ghearáin | Gach seachtain |
| 29 | An tEolas is Déanaí ar Thrádáil agus ar TF | Gach seachtain |
| 30 | Socraíochtaí Seachtainiúla | Gach seachtain |
| 31 | Tuarascáil Bhliantúil ar Dhuaiseanna Éagtha, agus Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ina taobh | Gach bliain |

# Aguisín C:
## Iarrataí ó PLI ar Cheadú nó ar Thoiliú faoin gCeadúnas

| Uimhir na hIarrata | Dáta | Alt an Cheadaithe a Theastaíonn | Faisnéis faoin gCluiche/ faoin tSeirbhís | An bhfuil an Iarraidh Bainteach le Cluiche? | An bhfuil sé amhlaidh gur leasaíodh é/gur Iorgaíodh Tuilleadh Faisnéise? | Stádas ag an 31 Nollaig 2023 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Ar siúl | Tarraingíodh an Iarraidh Siar | Ceadaíodh an Iarraidh sa Deireadh | Diúltaíodh Géilleadh don Iarraidh sa Deireadh | Dáta na Breithe |
| 1 | 14/02/2023 | Alt 45 | Digital Lucky 7s IWG | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 14/06/2023 |
| 2 | 11/04/2023 | Alt 45 | All Cash Surprise | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 30/08/2023 |
| 3 | 19/04/2023 | Alt 45 | Digital Winning Streak IWG | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 26/09/2023 |
| 4 | 28/04/2023 | Clásal 18.3 | Clásal 18.3: Eurodreams | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 11/07/2023 |
| 5 | 04/05/2023 | Clásal 9.8 | Dámhachtainí Dea-Chúiseanna | Níl | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 18/05/2023 |
| 6 | 05/05/2023 | Alt 45 | Hampers and Cash 308 | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 26/05/2023 |
| 7 | 26/05/202 | Clásal 9.8 | Dámhachtainí Dea-Chúiseanna: Tairbhí Breise | Níl | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 29/05/2023 |
| 8 | 16/06/2023 | Alt 45 | [ ] Scratch Card - Game On | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 24/10/2023 |
| 9 | 21/06/2023 | Alt 45 | Athnuachan na Scéime um Chulaith Nua a Chur ar IWG | Tá | Tá | | | | Diúltaíodh Géilleadh don Iarraidh | 31/08/2023 |
| 10 | 27/06/2023 | Alt 45 | Christmas Millionaire Raffle 2023 | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 31/08/2023 |
| 11 | 14/07/2023 | Alt 45 | Gaelic Goals IWG | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 05/09/2023 |
| 12 | 14/07/2023 | Alt 45 | Leasú ar Cheadúnas Éileamh Cianda | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 19/09/2023 |
| 13 | 14/07/2023 | Alt 45 | Sapphire 7s IWG | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 17/10/2023 |
| 14 | 17/07/2023 | Alt 45 | Íogari ó Thaobh na Tráchtála | Tá | Tá | | Tarraingíodh an Iarraidh siar | | | 22/08/2023 |
| 15 | 20/07/2023 | Clásal 18.3 | Clásal 18.3: Pollard Banknote Limited | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 16/08/2023 |
| 16 | 31/07/2023 | Clásal 18.3 | Clásal 18.3: IBM | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 25/08/2023 |
| 17 | 04/08/2023 | Alt 45 | Athrú ar na Rialacha don Mega Money Multiplier | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 04/08/2023 |

Nóta: Bainteach le Cluiche

| Uimhir na hIarrata | Dáta | Alt an Cheadaithe a Theastaíonn | Faisnéis faoin gCluiche/ faoin tSeirbhís | An bhfuil an Iarraidh Bainteach le Cluiche? | An bhfuil sé amhlaidh gur leasaíodh é/gur Iorgaíodh Tuilleadh Faisnéise? | Stádas ag an 31 Nollaig 2023 | | | | Dáta na Breithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Ar siúl | Tarraingíodh an Iarraidh Siar | Ceadaíodh an Iarraidh sa Deireadh | Diúltaíodh Géilleadh don Iarraidh sa Deireadh | |
| 18 | 09/08/2023 | Clásal 19.8 | Athrú ar Rialú PLI | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 02/10/2023 |
| 19 | 09/08/2023 | Clásal 19.8 | Bunreacht PLI | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 02/10/2023 |
| 20 | 15/08/2023 | Clásal 18.3 | Íogari ó Thaobh na Tráchtála | Níl | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 10/10/2023 |
| 21 | 15/08/2023 | Alt 45 | Rugby Riches IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 05/09/2023 |
| 22 | 17/08/2023 | Clásal 7.11, Clásal 7.12 | Potaí Óir agus Trádmharcanna – Buan | Níl | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 18/08/2023 |
| 23 | 07/09/2023 | Alt 45 | Try Your Luck IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 20/09/2023 |
| 24 | 02/10/2023 | Alt 45 | Cash Grid 311 | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 17/10/2023 |
| 25 | 04/10/2023 | Alt 45 | Cash Bolt Wicked Wins IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 20/10/2023 |
| 26 | 13/10/2023 | Alt 45 | Digital Christmas Money Multiplier IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 06/11/2023 |
| 27 | 13/10/2023 | Alt 45 | Nuashonruithe ar na Rialacha do cheithre IWG | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 20/10/2023 |
| 28 | 26/10/2023 | Alt 45 | Nuashonrú ar na Rialacha don Christmas Cracker IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 16/11/2023 |
| 29 | 01/12/2023 | Alt 45 | Leasuithe ar na Rialacha don chluiche Tellybingo | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 05/12/2023 |
| 30 | 20/12/2023 | Alt 45 | Digital Fire 4s Ice 5s IWG | Tá | Níl | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 11/01/2024 |
| 31 | 21/12/2023 | Alt 45 | Leasuithe ar an All Cash Surprise | Tá | Tá | | | Ceadaíodh an Iarraidh | | 02/02/2024 |

Nóta: [shaded] Bainteach le Cluiche

2

# Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 40 |
| Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí | 41 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 46 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 49 |
| Ráitis Airgeadais | 51 |

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** | Carol Boate |
| **Seoladh** | 5 Duga Sheoirse<br>An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 X9N7 |
| **Baincéirí** | AIB plc.<br>7/12 Sráid an Dáma<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 KX20<br><br>Banc na hÉireann<br>6 Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 X324 |
| **Aturnaetha** | Mason Hayes & Curran<br>Teach an Bhruaigh Theas<br>Sráid na Bearú<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29<br><br>Fieldfisher<br>45 Bóthar Mespil<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 W2F1 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

## Rialachas

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 ("an tAcht"). Tá feidhmeanna an Rialálaí leagtha amach in alt 9 den Acht. Beidh an Rialálaí, faoi réir an Achta, neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tá an Rialálaí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sí an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá an Rialálaí cuntasach don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Is ar an Rialálaí agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don fhoireann ardbhainistíochta an mórthreo straitéiseach atá socraithe ag an Rialálaí a leanúint. Ní mór don Rialálaí a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn.

## Freagrachtaí an Rialálaí

Tá an obair a dhéanann an Rialálaí agus na freagrachtaí atá air leagtha amach san Acht. Ceanglaítear le halt 22 den Acht ar an Rialálaí na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú aige, ní mór do Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar aghaidh de bheith ag feidhmiú; agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 22 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as ráitis airgeadais den sórt sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus as na ráitis airgeadais seo agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a leagan faoi bhráid an Aire, mar aon le tuarascáil an Rialálaí maidir le comhlíonadh a feidhmeanna.

Is é an Rialálaí atá freagrach as cothabháil na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú.

Tá an Rialálaí freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

Measann an Rialálaí go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2023.

Bhunaigh an Rialálaí dhá choiste, atá mar a leanas:

1. **An Coiste Airgeadais**: tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta den Leas-Rialálaí/den Cheann Iniúchóireachta agus Airgeadais, den Chuntasóir agus den Bhainisteoir Gnóthaí Corparáideacha, agus sainchomhairleoir comhairleach i láthair agus ceart freastail ag an Rialálaí. Is é ról an Choiste Airgeadais comhairle a chur ar an bhfoireann ardbhainistíochta maidir le nithe a bhaineann le hairgeadas na hOifige, le cuntasaíocht, le tuairisceáin airgeadais tríú páirtithe agus leis an bplé le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha na hOifige. Bhí sé chruinniú den Choiste Airgeadais ann sa bhliain 2023.
2. **An Coiste Riosca**: tá an Coiste Riosca comhdhéanta den fhoireann ardbhainistíochta (seisear comhaltaí). Is é ról an Choiste Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá uirthi i ndáil le riosca agus le rialú. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Riosca sa bhliain 2023. Maidir leis an tríú cruinniú sceidealaithe de chuid an Choiste Riosca don bhliain 2023, a bhí le cur ar siúl i mí na Nollag 2023, iarchuireadh é mar gheall ar oibleagáidí eile oibre, lenar áiríodh athrú láthair Oifig an Rialálaí, agus cuireadh ar siúl é i mí Eanáir 2024.

## An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

### Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 753,656 | 699,261 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir | 155,480 | 146,105 |
| Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach | 79,357 | 73,629 |
| | **988,493** | **918,995** |

B'ionann agus naonúr ball foirne (2022: deichniúr ball foirne) an líon iomlán ball foirne (CL) a bhí fostaithe ag deireadh na bliana. Tá sé sin ag teacht leis an staid go raibh folúntas amháin ann i soláthar foirne ag deireadh na bliana, rud a raibh aghaidh á tabhairt air.

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

## Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

Is le bunphá a bhaineann na sochair ghearrthéarmacha fostaithe uile.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | **753,656** | **699,261** |

## Sochair Foirceanta

Níor tháinig aon sochair foirceanta chun cinn sa bhliain (2022: €Nialas).

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

***Raon na Sochar Gearrthéarmach Fostaithe Iomlán (gan costais phinsin an fhostóra a áireamh)***

| Ó | | Go | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| € | | € | 2023 | 2022 |
| 60,000 | - | 69,999 | 1 | 1 |
| 70,000 | - | 79,999 | - | - |
| 80,000 | - | 89,999 | - | - |
| 90,000 | - | 99,999 | 3 | 3 |
| 100,000 | - | 109,999 | - | - |
| 110,000 | - | 119,999 | 1 | 1 |
| 120,000 | - | 129,999 | - | 1 |
| 130,000 | - | 139,999 | 1 | - |

## An Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta comhdhéanta den Rialálaí agus de chúigear bainisteoirí sinsearacha.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 597,939 | 573,245 |
| Ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir | 130,493 | 124,883 |
| | **728,432** | **698,128** |

Tá na príomhphearsana bainistíochta ina gcomhaltaí de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

## Tuarastal agus Sochair an Rialálaí

Ba mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Rialálaí don tréimhse airgeadais:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 132,035 | 125,119 |
| Ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir | 39,572 | 37,568 |
| | **171,607** | **162,687** |

Tá an Rialálaí ina chomhalta de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí.

## Costais Chomhairleachta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 74,932 | 28,803 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach agus airgeadais | 6,273 | 6,273 |
| Taighde | 815 | 152,248 |
| Comhairleacht Crannchuir | 1,600 | 11,685 |
| TF agus seirbhísí eile | 7,063 | 16,953 |
| | **90,683** | **215,962** |

Cuirtear na costais thuas ar áireamh mar chuid de na táillí gairmiúla sna ráitis airgeadais, arb ionann iad agus €211,762 (2022: €279,474). Is i ndáil le táillí dlí atá na méideanna uile atá nochta mar sheirbhísí dlí.

## Taisteal agus Cothú

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | - | 328 |
| Idirnáisiúnta | - | 1,098 |
| | **-** | **1,426** |

Ní raibh aon speansas taistil agus cothaithe ann sa bhliain 2023 (2022: €1,426). Ní raibh aon mhéideanna ann a íocadh leis an Rialálaí as taisteal agus cothú ná as speansais eile sa bhliain 2023 (2022: €1,426).

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

### Caiteachas Fáilteachais

Íocadh €578 i ndáil le fáilteachas foirne (2022: €593).

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- Is mar shealbhóir oifige aonair atá struchtúr Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Baineadh comhlíonadh na gcodanna sin den Chód lena bpléitear le Boird, le struchtúir Bhoird agus le Cathaoirligh amach tríd an gCód Cleachtais chun Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a Rialú a leasú chun sealbhóir oifige aonair a aithint.
- Comhlíonadh ceanglais an Chomhaontaithe Formhaoirseachta agus an Chomhaontaithe Soláthair Feidhmíochta trí Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Carol Boate

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Aithním an fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú i ndáil le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, mar shealbhóir oifige aonair. Faoi reacht, tá an Oifig comhdhéanta gan aon Bhord.

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil sách acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear liom.

Chuir Oifig an Rialálaí beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne, a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Rialálaí an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta trí huaire sa bhliain. Tharla an tríú hathbhreithniú den sórt sin i ndáil leis an mbliain 2023 i mí Eanáir 2024. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar na freagrachtaí a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na nósanna imeachta sin sa bhliain 2023.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na mbainisteoirí sinsearacha laistigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil leis an mbliain 2023 agus gur cuireadh i gcrích é faoin 31 Márta 2024.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2023 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas faoi rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus an ráiteas faoi fhreagrachtaí. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Paul Southern**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus**

**4 Meitheamh 2024**

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus sa ráiteas faoi fhreagrachtaí, tá an Rialálaí freagrach as na nithe seo

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013
- a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam | 3 | 1,673,700 | 1,552,899 |
| Costais riaracháin | 5 | (1,504,564) | (1,600,784) |
| **Barrachas / (easnamh) oibriúcháin** | | 169,136 | (47,885) |
| Ús infhaighte / (iníoctha) | 4 | 1,026 | (8,277) |
| **Barrachas / (easnamh) don bhliain** | | **170,162** | **(56,162)** |
| | | | |
| **Tuilleamh coinnithe i dtús na bliana** | | **3,008,014** | **3,064,176** |
| **Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana** | | **3,178,176** | **3,008,014** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023<br>€ | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas / (easnamh) don bhliain** | | **170,162** | **(56,162)** |
| Caillteanais / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 10(b) | 15,000 | 181,000 |
| Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir | 10(b) | 36,000 | (1,652,000) |
| **Iomlán (na gcaillteanas) / na ngnóthachan achtúireach sa bhliain** | | 51,000 | (1,471,000) |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir | | (51,000) | 1,471,000 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **170,162** | **(56,162)** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 7 | 15,733 | 23,859 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 8 | 154,208 | 133,802 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 3,166,855 | 3,047,900 |
| | | 3,321,063 | 3,181,702 |
| **Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 9 | (158,620) | (197,547) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,162,443 | 2,984,155 |
| **Ssochair scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 10(b) | (2,903,000) | (2,575,000) |
| Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir | 10(c) | 2,903,000 | 2,575,000 |
| **Glansócmhainní** | | **3,178,176** | **3,008,014** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Tuilleamh coinnithe carntha | 11 | **3,178,176** | **3,008,014** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas / (easnamh) oibriúcháin don bhliain | | 169,136 | (47,885) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | - |
| Dímheas | 7 | 20,028 | 20,363 |
| (Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe | 8 | (20,406) | (11,897) |
| (Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe | 9 | (38,927) | 44,673 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 129,831 | 5,254 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | 7 | (11,902) | (8,366) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Ús a fuarthas / (a íocadh) | 4 | 1,026 | (8,277) |
| **Méadú / (laghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **118,955** | **(11,389)** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana airgeadais** | | **3,047,900** | **3,059,289** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais** | | **3,166,855** | **3,047,900** |

*Tá nótaí 1 go 13 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.*



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana agus le linn na tréimhse roimhe.

### (a) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ("FRS 102") arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, rud arb é an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann é.

### (b) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### (c) Ioncam Tobhaigh

Is ionann ioncam tobhaigh agus an méid is infhaighte faoin gceadúnas ag an Rialálaí ó oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta maidir leis an mbliain.

### (d) Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, de réir mar a thabhaítear é.

### (e) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas, d'fhonn costas na sócmhainní a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh faoi mhodh na líne dírí, ar ráta bliantúil 25% le haghaidh feabhsuithe léasachta, ar ráta bliantúil $33^{1/3}$% le haghaidh trealamh ríomhairí agus an chórais teileafóin agus ar ráta bliantúil 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta éadála.

### (f) Airgeadraí Eachtracha

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro i rith na bliana agus cuirtear iad ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe agus cuirtear na gnóthachain agus na caillteanais a thagann chun cinn ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain.

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 1 | Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (g) Sochair fostaithe

**Sochair ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Creidiúnaithe agus fabhruithe sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

**Sochair scoir**

Foráiltear leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, go bhféadfaidh an Rialálaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, coinníollacha seirbhíse na foirne a chinneadh.

San am i láthair, tá an Rialálaí ag bunú socruithe pinsin i leith gach fostaí i gcomhar leis an Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail. Aistrítear iad chuig an Státchiste gach mí i riaráiste, mar atá comhaontaithe leis an Roinn.

Tá an Rialálaí ag déanamh soláthar do ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh ar ráta 30% do chomhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í (ranníocaíocht neamhphearsanta pinsin), ar ráta 25% do chomhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í (ranníocaíocht phearsanta pinsin) agus ar ráta is ionann agus trí huaire ranníocaíochtaí fostaithe do chomhaltaí den Scéim Aonair.

Cistítear sochair phinsin ón Státchiste Lárnach. Déantar soláthar do dhliteanas pinsin na gcomhaltaí uile Scéime i dteannta sócmhainn meaitseála a aithint le haghaidh chistiú an dliteanais ó fhoinsí Státchiste.

### (h) Breithiúnais agus mheastacháin chriticiúla chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an ráitis faoin staid airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Rinne an Rialálaí athbhreithniú ar shaol úsáideach agus luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá an saol úsáideach agus na luachanna iarmharacha.

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 1 | Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Sochair scoir**

Aithnítear dliteanais phinsin sna ráitis airgeadais, agus baintear úsáid i luacháil achtúireach ar na dliteanais sin, a ndéanann achtúire cáilithe í, as toimhdí airgeadais sonracha mar atá leagtha amach i nóta 10.

## 2 | Bunú oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Tá an oifig lonnaithe ag 5 Duga Sheoirse, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1. Tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hOifige. Tá sonraí faoi oibríochtaí an Rialálaí agus faoina phríomhghníomhaíochtaí tugtha i dTuarascáil an Rialálaí i gCuid 1.

## 3 | Ioncam

Foráiltear le halt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, go n-íocfaidh oibritheoir an Chrannchuir Náisiúnta tobhach bliantúil leis an Rialálaí. Is ionann méid an tobhaigh, mar atá sonraithe sa cheadúnas leis an oibritheoir, agus €1,500,000 in aghaidh na bliana. Tá an méid sin faoi réir innéacsú leis an Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí. Don bhliain 2023, chuir an t-oibritheoir i bhfeidhm an mheán-Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí de 7.78% don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh í i mí Eanáir 2023.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam tobhaigh don bhliain | 1,673,700 | 1,552,899 |

## 4 | Costais Úis

B'ionann agus €1,026 sa bhliain 2023 an t-ús a bhí infhaighte ar chistí ar taisce. Sa bhliain roimhe, b'ionann agus €8,277 na glanmhuirir úis a bhí iníoctha ar chistí ar taisce.

# Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais)

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 5 | Costais Riaracháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus costais foirne | 988,493 | 918,995 |
| Costais saothair sheachfhoinsithe | 7,482 | 99,986 |
| Táillí gairmiúla (Nóta 6) | 211,762 | 279,474 |
| Iniúchóireacht sheachtrach* | 18,900 | 18,900 |
| Iniúchóireacht inmheánach | 18,468 | 17,561 |
| Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil | 127,516 | 120,865 |
| Glantachán, solas agus teas | 3,446 | 4,159 |
| Árachas | 34,824 | 29,746 |
| Taisteal, cothú agus fáilteachas foirne | 578 | 2,019 |
| Earcaíocht | - | 9,517 |
| Costais oiliúna agus táillí ballraíochta | 14,820 | 21,749 |
| Soláthairtí agus trealamh oifige | 2,088 | 3,253 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 37,057 | 41,717 |
| Foilseacháin | 9,027 | 8,569 |
| Dímheas | 20,028 | 20,363 |
| Costais riaracháin eile | 10,075 | 3,911 |
| | **1,504,564** | **1,600,784** |

* Áirítear le hiniúchóireacht sheachtrach méid €7,600 (2022: €7,600) as táillí iniúchóireachta i ndáil le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## 6 | Táillí Gairmiúla

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 74,932 | 28,803 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach agus airgeadais | 6,273 | 6,273 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 90,235 | 56,215 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 6,152 | 6,100 |
| Comhairleacht Crannchuir | 1,600 | 11,685 |
| Taighde | 815 | 152,248 |
| TF agus seirbhísí eile | 31,755 | 18,150 |
| | **211,762** | **279,474** |

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 7 | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Feabhsúcháin Léasachta | Trealamh Ríomhaire | Feisteas, Troscán agus Trealamh Oifige | Córas Teileafóin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 48,839 | 43,198 | 13,122 | 4,182 | 109,341 |
| Breiseanna le linn na bliana | - | 11,902 | - | - | 11,902 |
| Diúscairtí le linn na bliana | (48,839) | (18,231) | (963) | (4,182) | (72,215) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | - | 36,869 | 12,159 | - | 49,028 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 37,301 | 36,281 | 7,718 | 4,182 | 85,482 |
| Muirear don bhliain | 11,538 | 7,172 | 1,318 | - | 20,028 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (48,839) | (18,231) | (963) | (4,182) | (72,215) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | - | 25,222 | 8,073 | - | 33,295 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | - | 11,647 | 4,086 | - | 15,733 |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 11,538 | 6,917 | 5,404 | - | 23,859 |

Ar áireamh i ndiúscairtí atá sócmhainní seasta lán-dímheasta nach raibh in úsáid a thuilleadh, a raibh luach nialais acu agus a caitheadh i dtraipisí agus a díscríobhadh sa bhliain. Bhí feabhsuithe léasachta is ionann agus €48,839 agus a caipitlíodh sa bhliain 2019 á ndímheas thar thréimhse ceithre bliana, arbh í an tréimhse a bhí fágtha faoin léas réadmhaoine go dtí mí na Samhna 2023 í.

## 8 | Féichiúnaithe

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam fabhraithe | 101,017 | 89,474 |
| Réamhíocaíochtaí | 53,191 | 44,328 |
| | **154,208** | **133,802** |

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 9 | Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | 107,592 | 155,906 |
| Ranníocaíochtaí pinsin (Nóta 10) | 14,496 | 14,309 |
| ÍMAT/ÁSPC | 22,675 | 22,429 |
| Ranníocaíocht bhreise aoisliúntais | 2,313 | 2,156 |
| Dliteanas PSWT | 10,699 | 2,677 |
| Dliteanas CBL | 845 | 70 |
| | **158,620** | **197,547** |

## 10 | Soláthar pinsin

Cuireadh dréachtscéim pinsin sochair shainithe d'Oifig an Rialálaí, bunaithe ar Scéim Eiseamláireach na Seirbhíse Poiblí, faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an 24 Samhain 2015 agus tá sí ag fanacht lena ceadú.

Maidir leis an ráta ranníocaíochtaí sa bhliain, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón bhfostóir atá cothrom le 30% den phá inphinsin do chomhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í (ranníocaíocht neamhphearsanta pinsin), le 25% den phá inphinsin do chomhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í (ranníocaíocht phearsanta pinsin) agus le trí huaire ranníocaíochtaí na bhfostaithe do chomhaltaí faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (i.e., comhaltaí den Scéim Aonair), comhaontaítear iad leis an Roinn agus aistrítear iad chuig an Státchiste, mí amháin i riaráiste. Ag an 31 Nollaig 2023, is ionann agus €14,496 méid na ranníocaíochtaí atá le haistriú chuig an Státchiste.

### Comhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í

Maidir le comhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í, glacann an Státchiste Lárnach leis an dliteanas i leith sochair scoir is iníoctha le comhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í. Maidir leis na ranníocaíochtaí uile ó fhostóirí agus ó fhostaithe atá bunaithe ar chéatadán de thuarastail na gcomhaltaí den scéim, aistrítear iad chuig an Státchiste Lárnach mar atá comhaontaithe leis an Roinn. Aithnítear dliteanas pinsin na gcomhaltaí de Scéim nach í an Scéim Aonair í agus an tsócmhainn meaitseála ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023.

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

### Comhaltaí den Scéim Aonair

Maidir le comhaltaí den Scéim Aonair, forordaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás iomchuí chun críche na Scéime Aonair sa bhliain 2019. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ranníocaíochtaí ón bhfostóir a aistriú ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### Toimhdí Achtúireacha

Maidir leis an dliteanas ar gach comhalta den Scéim mar a dhéantar soláthar dó sna ráitis airgeadais, tá sé bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe trí úsáid a bhaint as na toimhdí airgeadais thíos chun críche FRS 102.

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.50% | 3.80% |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 3.85% | 4.10% |
| Ráta méadaithe ar phinsin – an Scéim Aonair | 2.35% | 2.6% |
| Ráta méadaithe ar phinsin – scéim nach í an Scéim Aonair í | 3.35% | 3.6% |
| Boilsciú | 2.35% | 2.6% |

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

### (a) Costais Sochair Scoir

Anailís ar na costais sochair scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

| Costais Sochair Scoir | Scéim nach í an Scéim Aonair í | An Scéim Aonair | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Ranníocaíochtaí Iomlána ón bhFostóir | 94,983 | 60,497 | 155,480 | 146,004 |
| Costais Seirbhíse Reatha* | 86,000 | 57,000 | 143,000 | 233,000 |
| Costais Úis | 82,000 | 19,000 | 101,000 | 51,000 |
| Coigeartuithe ar Chistiú Iarchurtha Pinsin ón Státchiste | (168,000) | (76,000) | (244,000) | (284,000) |
| An t-iomlán a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 94,983 | 60,497 | 155,480 | 146,004 |

* Cuireadh ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar áireamh agus costais seirbhíse reatha á ríomh.

Ní mór do chomhlachtaí seirbhíse poiblí atá “á gcistiú go hiomlán nó go príomha as foinsí seachas go díreach nó go neamhdhíreach as an bPríomh-Chiste” ranníocaíochtaí ón bhfostóir a íoc. Mar chomhlacht poiblí féinmhaoinitheach, is ionann an méid €155,480 agus dliteanas Oifig an Rialálaí i leith ranníocaíochtaí ón bhfostóir i ndáil le gach comhalta den Scéim. Íoctar na méideanna sin leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gach mí i riaráiste.

# Nótaí

## (mar chuid de na ráitis airgeadais)

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 10 | Soláthar pinsin (ar lean)

### (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir na scéime sa bhliain airgeadais

| | Scéim nach í an Scéim Aonair í | An Scéim Aonair | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Glandliteanas Pinsin ag an 1 Eanáir | 2,118,000 | 457,000 | 2,575,000 | 3,731,000 |
| Costais Seirbhíse Reatha | 86,000 | 57,000 | 143,000 | 233,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 13,000 | 20,000 | 33,000 | 31,000 |
| Costais Úis | 82,000 | 19,000 | 101,000 | 51,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 8,000 | 7,000 | 15,000 | 181,000 |
| Athruithe i dtoimhdí | 30,000 | 6,000 | 36,000 | (1,652,000) |
| Glandliteanas Pinsin ag an 31 Nollaig | 2,337,000 | 566,000 | 2,903,000 | 2,575,000 |

### (c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir, bunaithe ar an tacar toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil don scéim sochair scoir a bhunú, Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a fhorordú mar údarás iomchuí chun críocha na Scéime Aonair agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

### (d) Oibleagáidí sochair shainithe

| | Scéim nach í an Scéim Aonair í | An Scéim Aonair | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 2,337,000 | 566,000 | 2,903,000 | 2,575,000 |

# Nótaí
## (mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 11 | Tuilleamh Coinnithe Carntha

| | 2023 |
|---|---|
| | € |
| I dtús na bliana | 3,008,014 |
| Barrachas don bhliain | 170,162 |
| Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana | 3,178,176 |

## 12 | Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais maidir le caiteachas caipitil ann ag an 31 Nollaig 2023.

## 13 | Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 31 Bealtaine 2024.

# 3

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí | 66 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 67 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 70 |
| Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí / Cuntas Cúlchiste | 72 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 73 |

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas Rialachais agus Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

### Rialachas

Tá Ciste an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, agus leanann sé de bheith ann de réir alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Is é atá sa Chiste ná cuntas bainc singil a choinnítear le Banc Ceannais na hÉireann. Níl aon fhostaithe ná stiúrthóirí ag an gCiste.

### Freagrachtaí an Rialálaí

Is leagtha amach san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, atá freagrachtaí an Rialálaí i ndáil leis an gCiste. Faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, déanann an Rialálaí an Ciste a bhainistiú agus a rialú. De bhreis air sin, ceanglaítear ar an Rialálaí cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-iniúchadh agus ní mór cóip d'achoimre na gcuntas iniúchta agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu sin a leagan os comhair an dá Theach den Oireachtas.

Carol Boate

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Aithním an fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú i ndáil le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), mar a bhaineann sé le hOifig an Rialálaí agus le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i bhfeidhm do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

### Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Ciste an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, agus déanann an Rialálaí é a bhainistiú agus a rialú.

Chuir Oifig an Rialálaí feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil sách acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear liom, i ndáil le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

Chuir Oifig an Rialálaí beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne, a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta córas bainistíochta riosca chun feidhme i ndáil le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta trí huaire sa bhliain. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar na freagrachtaí a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- struchtúr eagrúcháin a bhfuil nósanna imeachta soiléire aige maidir le hoibriú agus le tuairisciú;
- teorainneacha údarúcháin, leithscaradh dualgas agus údaráis tharmligthe chun idirbhearta Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a cheadú agus a phróiseáil;
- córas chun taifeadadh agus réiteach na n-idirbheart uile a éascú agus chun rian iomlán iniúchta a chur ar fáil maidir leis na hidirbhearta a phróiseáiltear;
- próisis chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasaim a bheith inghlactha
    - measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta
    - measúnú a dhéanamh ar chumas na hOifige na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- faireachán agus réiteach a dhéanamh gach seachtain ar na méideanna arna bpróiseáil i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta;
- sraith polasaithe agus nósanna imeachta i dtaca le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais;
- nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear obair na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus athbhreithnithe lucht bainistíochta.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Soláthar

Mar gheall ar chineál Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, ní thagann aon nithe soláthair chun cinn.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe Chiste an Chrannchuir Náisiúnta. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na mbainisteoirí sinsearacha laistigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil leis an mbliain 2023 agus gur cuireadh i gcrích é faoin 31 Márta 2024.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2023 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta arna n-ullmhú ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an cuntas ar fháltais agus ar íocaíochtaí, an cuntas cúlchiste agus nótaí gaolmhara.

I mo thuairim, cuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais

- na híocaíochtaí isteach i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta agus na híocaíochtaí amach as don bhliain 2023, agus
- iarmhéid an Chiste ag an 31 Nollaig 2023.

### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach agus ar ábhair eile

Chuir an Rialálaí ráiteas faoi rialú inmheánach i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar an bhfaisnéis sa ráiteas agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**4 Meitheamh 2024**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa ráiteas faoi fhreagrachtaí na freagrachtaí atá ar an Rialálaí i ndáil leis na ráitis airgeadais. Is iad sin

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú mar a cheanglaítear le halt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013
- a chinntiú go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais gnóthaí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta ag deireadh na bliana agus idirbhearta an Chiste sa bhliain
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 44 d’Acht 2013 ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Déanaim cumarsáid leis an Rialálaí maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas faoi rialú inmheánach atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach atá curtha i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m’iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Méideanna a fuarthas ón oibritheoir | 4 | | 537,365 | | 581,637 |
| **lúide:** | | | | | |
| Paid to the operator in respect of: | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 210,338 | | 233,837 | |
| Teidlíocht an Oibritheora | | 84,309 | 294,647 | 89,910 | 323,747 |
| | | | 242,718 | | 257,890 |
| **lúide:** | | | | | |
| Méideanna a íocadh leis an Rialálaí i leith Thobhach an Rialálaí | 8 | | 1,662 | | 1,547 |
| | | | 241,056 | | 256,343 |
| Ús ar Infheistíochtaí a fuarthas/(a íocadh) | 6 | | 910 | | (185) |
| | | | 241,966 | | 256,158 |
| Méid a aistríodh chuig an bPríomh-Chiste | 7 | | (241,006) | | (257,933) |
| (Laghdú)/Méadú in Infheistíocht | | | **960** | | **(1,775)** |

## An Cuntas Cúlchiste

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid ar taisce an 1 Eanáir | | 19,820 | 21,595 |
| (Laghdú)/Méadú in Infheistíocht | | 960 | (1,775) |
| Iarmhéid ar taisce an 31 Nollaig | 6 | 20,780 | 19,820 |
| **lúide:** | | | |
| An Dliteanas i leith Thobhach an Rialálaí | 8 | (101) | (89) |
| Dliteanas do Chuntas an Chiste Duaiseanna | 9 | (4,442) | 0 |
| An t-iarmhéid ar fáil lena dháileadh tríd an bPríomh-Chiste | 7 | **16,237** | **19,731** |

Tá nótaí 1 go 11 mar chuid de na Cuntais seo



**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
31 Bealtaine 2024

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 1 | An Crannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh i 1986, ar aghaidh de réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013 ("an tAcht"). An 30 Samhain 2014, thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI"), cuideachta chláraithe in Éirinn, mar oibritheoir faoi cheadúnas ("an Ceadúnas") 20 bliain ar dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe é an 27 Feabhra 2014.

## 2 | Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste"), a bunaíodh faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986, de bheith ann de bhua alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi alt 7 den Acht, cheap an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus, de réir alt 44 den Acht, déanann an Rialálaí an Ciste a bhainistiú agus a rialú.

Faigheann an Ciste fáltais de chuid an Chrannchuir Náisiúnta ón oibritheoir agus íoctar méideanna uaidh i leith duaiseanna, thobhach bliantúil an Rialálaí agus theidlíochtaí na n-oibritheoirí faoin gceadúnas. Aistríonn an Rialálaí cistí, ag eatraimh a gcinneann an tAire iad, chuig an Státchiste (tar éis soláthar cuí a dhéanamh do dhliteanais ionchasacha nó theagmhasacha) lena gcur i bhfeidhm chun na gcríoch a leagtar amach san Acht. Ríomhtar na méideanna atá dlite do Lár-Chiste an Státchiste le haghaidh Dea-Chúiseanna a bheith cothrom le 65% den Ollioncam Cearrbhachais, mar a leagtar amach san Acht agus sa Cheadúnas. De réir an mhínithe atá i gClásal 1.1.24 den Cheadúnas, is é is Ollioncam Cearrbhachais ann ná na glandíolacháin iomlána lúide duaiseanna.

I gcomhréir le clásal 6.2 den Cheadúnas, is i mBanc Ceannais na hÉireann a fheidhmíonn an Rialálaí cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.

## 3 | Cuntais an Chiste

Mionsonraítear sna cuntais na méideanna a d'íoc an Ciste agus na méideanna a íocadh isteach sa Chiste sa bhliain faoi athbhreithniú mar aon le hanailís ar an iarmhéid atá ann ag deireadh na bliana. Faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, ní mór cuntais an Chiste a bheith iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ní mór cóip d'achoimre na gcuntas iniúchta agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu sin a bheith leagtha ag an Rialálaí os comhair an dá Theach den Oireachtas.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 4 | Méideanna a Fuarthas ón Oibritheoir

Mar a cheanglaítear leis an Acht, cuimsíonn na méideanna a fuarthas ón oibritheoir fáltais ó dhíolachán ticéad lúide luach saothair na miondíoltóirí agus duaiseanna beaga ar íoc miondíoltóirí iad. B'ionann na méideanna a fuarthas ón oibritheoir agus €537 milliún sa bhliain 2023 (2022: €582 mhilliún). Áirítear leis sin fáltas €14,919,967 i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dá dtagraítear i Nóta 9 thíos.

Feidhm de Dhíolacháin táirgí Crannchuir Náisiúnta sa bhliain agus d'asbhaintí le haghaidh luach saothair miondíoltóirí agus le haghaidh duaiseanna arna n-íoc ag miondíoltóirí is ea na méideanna a fhaightear ón oibritheoir. Feidhm de na méideanna a ghintear le haghaidh Dea-Chúiseanna sa bhliain is ea na méideanna a aistrítear chuig an Státchiste.

I sliocht ó ráitis airgeadais iniúchta Premier Lotteries Ireland DAC, an t-oibritheoir, arna n-iniúchadh ag Deloitte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus a ullmhaíodh ar bhonn fabhruithe, tugtar forbhreathnú ar na méideanna a thug an t-oibritheoir i gcuntas sa bhliain.

| Sliocht ó Ráitis Airgeadais Iniúchta Premier Lotteries Ireland DAC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 | 2023 €'m | 2022 €'m |
|---|---|---|
| **Olldíolacháin ticéad** | 829.4 | 884.1 |
| **Duaiseanna** | (478.8) | (484.9) |
| **Dea-Chúiseanna** | (227.9) | (259.5) |

Is é an méid Dea-Chúiseanna €227.9 milliún (2022: €259.5 milliún) atá ar áireamh i ráitis airgeadais iniúchta an oibritheoir an méid atá inchurtha i leith Dea-Chúiseanna ar bhonn fabhruithe ar Dhíolacháin a tháinig chun cinn sa bhliain 2023.

Is é an méid €241.0 milliún (2022: €257.9 milliún) atá ar áireamh mar 'Méid a aistríodh chuig an bPríomh-Chiste' sa Chuntas seo na haistrithe iarbhír ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an bPríomh-Chiste sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2023 (féach Nóta 7).

Bunaithe ar an sliocht thuas ó ráitis airgeadais iniúchta an oibritheora, díorthaítear na céatadáin seo a leanas:

| Mar chéatadán d'olldíolacháin ticéad | 2023 % | 2022 % |
|---|---|---|
| Olldíolacháin ticéad | 100% | 100% |
| Duaiseanna* | 57.7% | 54.8% |
| Dea-Chúiseanna | 27.5% | 29.3% |

* De réir alt 40(2) d'Acht an Chrannchuir Náisiúnta, 2013, is é a bheidh i luach iomlán na nduaiseanna a dháilfear sa Chrannchur Náisiúnta in aon bhliain airgeadais de chuid an oibritheora méid is comhionann le, nó nach lú ná, 50 faoin gcéad den airgead go léir a fuair an t-oibritheoir an bhliain sin i leith ticéid Chrannchuir Náisiúnta a díoladh an bhliain sin nó cibé céatadán eile is mó ná sin a bheidh sonraithe sa cheadúnas.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 5 | Méideanna a Íocadh leis an Oibritheoir

B'ionann na méideanna a íocadh ón gCiste leis an oibritheoir agus €295 mhilliún san iomlán sa bhliain 2023 (2022: €324 mhilliún). Bhain €210 milliún le híocaíochtaí duaise (2022: €234 mhilliún) agus bhain €84 mhilliún le teidlíocht an oibritheora (2022: €90 milliún). Áirítear leis na híocaíochtaí as teidlíocht oibritheora €84 mhilliún sa bhliain 2023 an íocaíocht €5,221,989 dá dtagraítear i Nóta 9 thíos i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Íoctar méideanna duaise le Cuntas an Chiste Duaiseanna a gcoimeádann an t-oibritheoir é. Ceanglaítear ar bhuaiteoirí duaiseanna a nduaiseanna a éileamh laistigh den tréimhse riachtanach atá luaite i rialacha an chluiche iomchuí. Is gnách gurb ionann an tréimhse sin agus 90 lá. Mura n-éilíonn buaiteoirí a nduais laistigh den tréimhse riachtanach, tagann an duais chun bheith ina Duais Neamhéilithe Éagtha. Ba é €19.6 milliún méid na nDuaiseanna Neamhéilithe Éagtha a tháinig chun cinn sa bhliain 2023. De réir cheanglais shonracha Chlásal 6.9.2 den Cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a Oibriú, géilltear Duaiseanna Neamhéilithe Éagtha i bhfabhar an oibritheora agus tá siad le húsáid ag an oibritheoir laistigh de 365 lá ón dáta ar ar géilleadh iad chun críche an Crannchur Náisiúnta a chur chun cinn agus chun na críche sin amháin.

I gcás go measfaidh an Rialálaí gur sháraigh an tOibritheoir an tAcht nó an Ceadúnas, tugtar le Clásal 22 den Cheadúnas de chumhacht don Rialálaí airgead a choinneáil siar ó íocaíochtaí atá dlite don Oibritheoir faoin gCeadúnas, i gcás go gcomhlíonfaidh imthosca agus tionchar an tsáraithe tacar sonrach tosca atá leagtha amach sa Chlásal. Chinn an Rialálaí an 18 Bealtaine 2023 €150,000 a choinneáil siar ó íocaíochtaí a bhí dlite don Oibritheoir. Tháinig an cinneadh chun an méid sin a choinneáil siar sna sála ar an gcinneadh uaithi sa bhliain 2022 go ndearna an tOibritheoir sárú ar an gCeadúnas i ndáil le cuntais imreoirí a bhí féintoirmiscthe go buan a scriosadh agus ar an mbreithniú a rinne sí ar na tosca faoi Chlásal 22.8 den Cheadúnas agus ar na huiríll ón Oibritheoir. Coinníodh €150,000 siar ó íocaíochtaí a bhí dlite don Oibritheoir an 26 Bealtaine 2023 agus aistríodh chuig an Státchiste é ina dhiaidh sin le haghaidh Dea-Chúiseanna.

## 6 | Infheistíochtaí an Chiste

Is i gcuntas taisce a choimeádtar i mBanc Ceannais na hÉireann a choinnítear an t-airgead ar fad de chuid an Chiste. Muirearaíodh ús diúltach ar an gcuntas seo ó mhí an Mheithimh 2014 go dtí an 26 Iúil 2022. Tháinig sé sin sna sála ar Chinneadh (CE/2014/23) ón mBanc Ceannais Eorpach a bhaineann le luach saothair taiscí, iarmhéideanna agus sealúchas cúlchistí iomarcacha, rud a rinne difear do luach saothair taiscí rialtais ag Bainc Cheannais Náisiúnta. Ag teacht sna sála ar Chinntí ón mBanc Ceannais Eorpach sa bhliain 2022 a bhaineann le rátaí úis, níor tháinig aon ús chun cinn ar thaiscí i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta ón 27 Iúil 2022 go dtí an 13 Meán Fómhair 2022. Ón 14 Meán Fómhair 2022 i leith, tuilleadh ús ar thaiscí i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta. Déantar ús a ríomh ar bhonn laethúil agus íoctar é dhá uair sa bhliain. Aithnítear ús de réir mar a íoctar nó a fhaightear é. B'ionann agus €372,000 an méid measta úis a tuilleadh go dtí an 31 Nollaig 2023 ach nach bhfuarthas go fóill ag deireadh na bliana.

Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Nótaí leis na Cuntais

## 7 | Méideanna a aistríodh chuig an bPríomh-Chiste

Leithdháiltear cistí ar Dhea-Chúiseanna de bhun Chlásal 6.6 den Cheadúnas agus is ionann iad agus 65% den Ollioncam Cearrbhachais arna ríomh ar bhonn bliantúil, de réir Sceideal 2 a ghabhann leis an gCeadúnas. Tar éis soláthar a dhéanamh do dhliteanais reatha an Chiste agus d'aon dliteanais ionchasacha nó theagmhasacha, déanann an Rialálaí socruithe maidir le haistriú cistí arna leithroinnt ar Dhea-Chúiseanna ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an bPríomh-Chiste ag eatraimh a gcinneann an tAire iad. Vótálann an tOireachtas leithroinnt airgead an Phríomh-Chiste ar thairbhithe trí phróiseas bliantúil na Meastachán. Eisítear airgead le linn na bliana agus coimeádtar cuntas orthu trí na Cuntais Leithreasa.

## 8 | An Dliteanas i leith Thobhach an Rialálaí

De réir an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013, foráiltear leis an gCeadúnas go n-íocfaidh an t-oibritheoir tobhach bliantúil leis an Rialálaí chun na speansais ar thabhaigh an Rialálaí iad go cuí a sheasamh. Baintear na méideanna sin as íocaíochtaí leis an oibritheoir agus coimeádtar sa Chiste iad lena n-íoc leis an Rialálaí. Ba é €100,896 an méid a bhí dlite don Rialálaí ag an 31 Nollaig 2023 (2022: €89,328).

## 9 | Dliteanas do Chuntas an Chiste Duaiseanna

Déantar íocaíochtaí gach seachtain ón gCiste le Cuntas an Chiste Duaiseanna i ndáil le duaiseanna, agus iad bunaithe ar na duaiseanna ionchais arna mbuachan mar a chuireann an t-oibritheoir in iúl. Is i leith na nduaiseanna iarbhír a bhuaitear atá dliteanas an Chiste do Chuntas an Chiste Duaiseanna. An 31 Nollaig 2023, ba é €6,833,747 an méid a bhí dlite don Chiste ó Chuntas an Chiste Duaiseanna, dá raibh €2,391,811 le haistriú chuig an gCiste ón oibritheoir agus ba í €4,441,936 an ranníocaíocht ó Dhea-Chúiseanna. Tharla an fáltas, agus an íocaíocht ina dhiaidh sin, an 28 Márta 2024 agus an 3 Aibreán 2024 faoi seach. An 31 Nollaig 2022, bhí méid ab ionann agus €9,697,978 dlite don Chiste ó Chuntas an Chiste Duaiseanna (€14,919,967 lúide €5,221,989 a bhí dlite don oibritheoir). Tharla an fáltas, agus an íocaíocht ina dhiaidh sin, an 31 Márta 2023 agus an 3 Aibreán 2023 faoi seach.

## 10 | Táille Iniúchóireachta

Íocann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an táille iniúchóireachta. Is é €7,600 an méid a muirearaíodh i ndáil leis an mbliain 2023 (2022: €7,600).

## 11 | Ceadú Chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

Cheadaigh an Rialálaí Cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 an 31 Bealtaine 2024.

# Nótaí

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

www.rnl.ie